2025/325

19.2.2025

RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2025/325 ÓN gCOIMISIÚN

an 18 Feabhra 2025

lena leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/1776 lena bhforchuirtear dleacht frithdhumpála chinntitheach ar allmhairí mealaimín de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne, tar éis páirt-athbhreithniú eatramhach de bhun Airteagal 11(3) de Rialachán (AE) 2016/1036 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2016/1036 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 8 Meitheamh 2016 maidir le cosaint i gcoinne allmhairí dumpáilte ó thíortha nach baill den Aontas Eorpach iad ([1]) ('an bun-Rialachán'), agus go háirithe Airteagal 11(3) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

1. NÓS IMEACHTA

1.1. Na himscrúduithe roimhe seo agus na bearta atá i bhfeidhm

(1) Tar éis imscrúdú ('an t-imscrúdú bunaidh'), d'fhorchuir an Chomhairle le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 457/2011 ón gComhairle ([2]) ('an Rialachán bunaidh'), bearta frithdhumpála cinntitheacha ar allmhairí mealaimín de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne ('an tSín'). Forchuireadh na bearta i bhfoirm dleacht sheasta EUR 415/tona ar na hallmhairí uile ón tSín cé is moite de na trí tháirgeoir onnmhairiúcháin chomhoibríocha de chuid na Síne, Sichuan Golden-Elephant Sincerity Chemical Co. Ltd ('Sichuan'), Shandong Holitech Chemical Industry Co. Ltd ('Shandong') agus Henan Junhua Development Company Ltd ('Henan') ar cuireadh a n-onnmhairí faoi réir íosphraghas allmhairiúcháin EUR 1 153/tona.

(2) Le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2017/1171 ón gCoimisiún ([3]), d'ath-fhorchuir an Coimisiún na bearta sin tar éis athbhreithniú éaga ('an chéad athbhreithniú éaga'). Tar éis an dara hathbhreithniú éaga ('an dara hathbhreithniú éaga'), d'ath-fhorchuir an Coimisiún na bearta sin arís le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/1776 ón gCoimisiún ([4]).

(3) Le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/2653 ón gCoimisiún ([5]) agus tar éis athbhreithniú 'onnmhaireora nua' de bhun Airteagal 11(4) den bhun-Rialachán, leasaigh an Coimisiún na bearta dá dtagraítear in aithris (2) thuas trí íosphraghas allmhairiúcháin EUR 1 346/tona a fhorchur ar allmhairí mealaimín arna mhonarú ag Xinjiang Xinlianxin Energy Chemical Co. Ltd. ('Xinjiang') agus de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne.

([1]) IO L 176, 30.6.2016, lch. 21, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2016/1036/oj.

([2]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 457/2011 ón gComhairle an 10 Bealtaine 2011 lena bhforchuirtear dleacht frithdhumpála chinntitheach ar allmhairí mealaimín de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne agus lena mbailítear go cinntitheach an dleacht shealadach arna forchur ar na hallmhairí sin (IO L 124, 13.5.2011, lch. 2, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2011/457/oj).

([3]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2017/1171 ón gCoimisiún an 30 Meitheamh 2017 lena bhforchuirtear dleachtanna frithdhumpála cinntitheacha ar allmhairí mealaimín, de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne (IO L 170, 1.7.2017, lch. 62, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2017/1171/oj).

([4]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/1776 ón gCoimisiún an 15 Meán Fómhair 2023 lena bhforchuirtear dleacht frithdhumpála chinntitheach ar allmhairí mealaimín, de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne (IO L 228, 15.9.2023, lch. 199, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2023/1776/oj).

([5]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/2653 ón gCoimisiún an 27 Samhain 2023 lena leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/1776 lena bhforchuirtear dleacht frithdhumpála chinntitheach ar allmhairí mealaimín de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne tar éis athbhreithniú 'onnmhaireora nua' a dhéanamh de bhun Airteagal 11(4) de Rialachán (AE) 2016/1036 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L, 2023/2653, 28.11.2023, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2023/2653/oj).

1.2. **Iarraidh ar pháirt-athbhreithniú eatramhach**

(4) An 13 Samhain 2023, rinne LAT Nitrogen Linz GmbH agus LAT Nitrogen Piesteritz GmbH (le chéile, LAT Nitrogen ([6])), OCI Nitrogen BV agus Grupa Azoty Zaklady Azotowe Pulawy SA ('na hiarratasóirí'), ag gníomhú dóibh thar ceann thionscal mealaimín an Aontais, de réir bhrí Airteagal 5(4) den bhun-Rialachán, iarraidh a chur isteach ar pháirt-athbhreithniú eatramhach a thionscnamh ar na bearta frithdhumpála ar allmhairí mealaimín de thionscnamh na Síne, athbhreithniú a bheadh teoranta do fhoirm na mbeart.

(5) Go háirithe, d'iarr na hiarratasóirí go n-athrófaí foirm na mbeart reatha ó dhleacht sheasta agus ísosphraghas allmhairiúcháin go dleachtanna *ad valorem* ar an bhforas go bhfuil athrú suntasach marthanach tagtha ar na himthosca a thugann údar le foirm na ndleachtanna bunaidh; go gciallaíonn athruithe buana eile ar imthosca nach bhfuil an dleacht sheasta ná an t-ísosphraghas allmhairiúcháin oiriúnach dá bhfeidhm a thuilleadh; agus ar deireadh, go bhfuil cur i bhfeidhm dleachta seasta agus ísosphraghais allmhairiúcháin ina chúis le mórdhíobháil do na hiarratasóirí.

1.3. **Athbhreithniú eatramhach a thionscnamh**

(6) An 20 Nollaig 2023, d'fhógair an Coimisiún, trí fhógra in Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh ('fógra tionscnaimh') ([7]), go gcuirfí tús le páirt-athbhreithniú eatramhach ar na bearta frithdhumpála is infheidhme maidir le hallmhairí mealaimín de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne, de bhun Airteagal 11(3) den bhun-Rialachán.

(7) Bhí an páirt-athbhreithniú eatramhach teoranta d'fhoirm na mbeart, go háirithe cé acu atá sé chun leas an Aontais nó nach bhfuil na bearta atá i bhfeidhm faoi láthair i bhfoirm ísosphraghais allmhairiúcháin agus dleachtanna seasta a choinneáil ar bun.

1.4. **Tréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe agus an tréimhse faoi bhreathnú**

(8) Chumhdaigh an t-imscrúdú athbhreithniúcháin an tréimhse ón 1 Deireadh Fómhair 2022 go dtí an 30 Meán Fómhair 2023 ('tréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe'). Is é an tréimhse faoi bhreathnú an tréimhse idir an 1 Eanáir 2020 agus deireadh thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe.

1.5. **Páirtithe leasmhara**

(9) San fhógra tionscnaimh, iarradh ar na páirtithe leasmhara teagmháil a dhéanamh leis an gCoimisiún chun bheith rannpháirteach san imscrúdú. Ina theannta sin, chuir an Coimisiún na hiarratasóirí ar an eolas go sonrach faoin imscrúdú mar aon le táirgeoirí aitheanta eile ón Aontas, na táirgeoirí onnmhairiúcháin aitheanta sa tSín agus údaráis na Síne, allmhaireoirí, úsáideoirí agus trádálaithe aitheanta chomh maith le comhlachais arb eol iad a bheith bainteach leis an tionscnamh, agus d'iarr sé orthu a bheith rannpháirteach.

(10) Bhí deis ag na páirtithe leasmhara a gcuid barúlacha a thabhairt maidir le tionscnamh an pháirt-athbhreithnithe eatramhaigh agus éisteacht a iarraidh leis an gCoimisiún agus/nó leis an Oifigeach Éisteachta i gcomhair imeachtaí trádála.

(11) D'iarr roinnt páirtithe éisteachtaí agus sholáthair siad barúlacha maidir leis an tionscnamh. Thionóil an Coimisiún éisteachtaí le Cónaidhm an Phainéil Eorpaigh ('EPF'), le Táirgeoirí Eorpacha Urláir Lannáin ('EPLF') agus le Comhlachas Tráchtála na Síne um Allmhaireoirí & Onnmhaireoirí Miotal, Mianraí agus Ceimiceán ('CCCMC'). Bhí na haighneachtaí éisteachta ar aon dul leis na haighneachtaí i scríbhinn ó na páirtithe sin tar éis an tionscnaimh agus déileáiltear leo i Roinn 3 den Rialachán seo.

1.6. **Sampláil**

(12) San fhógra tionscnaimh, luaigh an Coimisiún go mb'fhéidir go ndéanfadh sé táirgeoirí de chuid an Aontais agus allmhaireoirí neamhchomhlachaithe a shampláil i gcomhréir le hAirteagal 17 den bhun-Rialachán.

([6]) Cruthaíodh LAT Nitrogen trí éadáil gnó nítrigine teicniúla agus mealaimín de chuid Borealis Fertilizer ag AGROFERT in 2023. Foinse: Company (lat-nitrogen.com).

([7]) Fógra maidir le tionscnamh athbhreithniú eatramhach páirteach ar na bearta frithdhumpála is infheidhme i dtaca le hallmhairí mealaimín de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne (IO C/2023/1595 20.12.2023, ELI: http://data.europa.eu/eli/C/2023/1595/oj).

1.6.1. *Táirgeoirí an Aontais a shampláil*

(13) San fhógra tionscnaimh, luaigh an Coimisiún go raibh sampla de thrí tháirgeoir de chuid an Aontais roghnaithe go sealadach aige agus iad lonnaithe i dtrí Bhallstát éagsúla. Roghnaigh an Coimisiún an sampla ar bhonn an mhéid ba mhó táirgeachta san Aontas le linn na tréimhse ón 1 Deireadh Fómhair 2022 go dtí an 30 Meán Fómhair 2023 arna thuairisciú ag táirgeoirí an Aontais i gcomhthéacs na hanailíse ar an measúnú ar ionadaíochas roimh an tionscnamh. Bhí an sampla ionadaíoch do 83 % de tháirgeacht mheasta an táirge chomhchosúil san Aontas. D'iarr an Coimisiún ar na páirtithe leasmhara a gcuid barúlacha a thabhairt maidir leis an sampla sealadach. Ní bhfuarthas aon bharúil agus measadh go raibh an sampla ionadaíoch do thionscal an Aontais.

1.6.2. *Allmhaireoirí neamhchomhlachaithe a shampláil*

(14) Chun a chinneadh an raibh gá le sampláil agus, má bhí, chun sampla a roghnú, d'iarr an Coimisiún ar allmhaireoirí neamhchomhlachaithe an fhaisnéis a sonraíodh san fógra tionscnaimh a sholáthar. Níor tháinig ach allmhaireoir neamhchomhlachaithe amháin chun tosaigh, mar atá Borghi SpA, Grandate/an Iodáil. Dá dheasca sin, chinn an Coimisiún nár ghá sampláil a dhéanamh agus d'iarr sé ar Borghi SpA an ceistneoir le haghaidh allmhaireoirí neamhchomhlachaithe a líonadh isteach.

1.7. **Freagraí ar an gceistneoir**

(15) Sheol an Coimisiún ceistneoirí chuig táirgeoirí sampláilte de chuid an Aontais, chuig allmhaireoir neamhchomhlachaithe amháin a tháinig chun tosaigh le linn an nós imeachta samplála, agus chuig gach úsáideoir mealaimín aitheanta. Ina theannta sin, cuireadh na ceistneoirí is infheidhme uile ar fáil ar shuíomh gréasáin Ard-Stiúrthóireacht na Trádála ([8]) lá an tionscnaimh. Le linn an imscrúdaithe, sheol an Coimisiún ceistneoir chuig na hiarratasóirí agus sonraí maicreacnamaíocha thionscal an Aontais á n-iarraidh.

(16) Fuarthas freagraí ar an gceistneoir ó thrí tháirgeoir shampláilte de chuid an Aontais, allmhaireoir neamhchomhlachaithe amháin agus cúig úsáideoir, a bhfuil beirt acu comhlachaithe lena chéile.

1.8. **Fíorú**

(17) Lorg agus d'fhíoraigh an Coimisiún an fhaisnéis uile a measadh ba ghá chun a chinneadh cé acu a bhí nó nach raibh sé chun leas an Aontais foirm na mbeart frithdhumpála atá ann cheana a athrú.

(18) Is in áitribh na gcuideachtaí a leanas a rinneadh cuairteanna fíorúcháin de bhun Airteagal 16 den bhun-Rialachán:

Táirgeoirí an Aontais:

— LAT Nitrogen Linz GmbH, Linz, an Ostair;

— Grupa Azoty Zaklady Azotowe, Pulawy, an Pholainn;

— OCI Nitrogen B.V., Sittard, an Ísiltír.

Úsáideoirí:

— Unilin B.V. agus Unilin Resins B.V. ('Grúpa Unilin'), Wielsbeke, an Bheilg.

1.9. **An nós imeachta ina dhiaidh sin**

(19) An 19 Nollaig 2024, nocht an Coimisiún na bunfhíorais agus na bunbhreithnithe ar ar a mbonn a bhí sé beartaithe aige foirm na ndleachtanna frithdhumpála atá i bhfeidhm a athrú. Socraíodh sprioc-am do na páirtithe uile ina bhféadfaidís barúlacha a dhéanamh maidir leis an nochtadh agus éisteacht a iarraidh.

(20) Fuarthas barúlacha ó na hiarratasóirí, Sichuan Golden-Elephant Sincerity Chemical Co., Ltd. ('SGE'), Kronospan Polska Sp.z.o.o. ('KRP'), Grúpa Unilin, CCCMC agus EPF. D'iarr SGE, Grúpa Unilin agus EPF éisteacht.

([8]) https://tron.trade.ec.europa.eu/investigations/case-view?caseId=2609.

2. AN TÁIRGE FAOI ATHBHREITHNIÚ AGUS AN TÁIRGE COMHCHOSÚIL

2.1. An táirge faoi athbhreithniú

(21) Is é atá sa táirge atá faoi réir an athbhreithnithe seo mealaimín ('an táirge faoi athbhreithniú'), ar táirge é atá faoi láthair faoi chód AC 2933 61 00.

(22) Is púdar criostalta bán é an mealaimín a tháirgtear ón úiré den chuid is mó agus a úsáidtear chun lannáin, roisín, greamacháin adhmaid, comhdhúile múnlaithe agus cóireálacha páipéir/teicstíle a tháirgeadh go príomha.

2.2. An táirge lena mbaineann

(23) Is éard atá sa táirge lena mbaineann an t-imscrúdú seo, an táirge faoi athbhreithniú de thionscnamh na Síne.

2.3. An táirge comhchosúil

(24) Faoi mar a léiríodh san imscrúdú bunaidh as ar tháinig forchur na mbeart atá i bhfeidhm ([9]), tá na saintréithe bunúsacha fisiceacha agus teicniúla céanna, mar aon leis na húsáidí bunúsacha céanna, ag na táirgí seo a leanas:

— an táirge lena mbaineann nuair a onnmhairítear chuig an Aontas é;

— an táirge faoi athbhreithniú arna tháirgeadh agus arna dhíol ar mhargadh intíre na tíre lena mbaineann (an tSín); agus

— an táirge faoi athbhreithniú arna tháirgeadh agus arna dhíol san Aontas ag tionscal an Aontais.

(25) Dá bhrí sin, meastar gur táirgí comhchosúla iad na táirgí sin de réir bhrí Airteagal 1(4) den bhun-Rialachán.

3. LEAS AN AONTAIS

3.1. Réamhrá

(26) I gcomhréir le hAirteagal 21 den bhun-Rialachán, rinne an Coimisiún scrúdú lena fháil amach an mbeadh sé in aghaidh leas an Aontais ina iomláine dá n-athrófaí foirm na mbeart frithdhumpála atá ann cheana. Cinneadh leas an Aontais agus aird á tabhairt ar leasanna na bpáirtithe éagsúla lena mbaineann, is é sin leasanna thionscal an Aontais, na n-allmhaireoirí neamhchomhlacaithe agus na n-úsáideoirí.

(27) Go háirithe, scrúdaigh an Coimisiún an bhfuil athrú suntasach marthanach tagtha ar na himthosca is bun le cur i bhfeidhm dleachta seasta agus íosphraghais allmhairiúcháin, agus an bhfuil an dleacht sheasta agus an t-íosphraghas allmhairiúcháin ina gcúis le díobháil thromchúiseach mharthanach do thionscal an Aontais.

(28) Tugadh deis do gach páirtí leasmhar a gcuid tuairimí a chur in iúl de bhun hAirteagal 21(2) den bhun-Rialachán.

3.2. Athrú ar imthosca agus cineál marthanach

3.2.1. *Cúlra*

(29) Mar a luaitear in aithrisí (1) agus (3) thuas, is é foirm na mbeart frithdhumpála atá faoi réir an athbhreithnithe seo íosphraghas allmhairiúcháin EUR 1 153 in aghaidh an tona le haghaidh trí tháirgeoir onnmhairiúcháin de chuid na Síne, íosphraghas allmhairiúcháin EUR 1 346 in aghaidh an tona le haghaidh ceathrú táirgeoir onnmhairiúcháin de chuid na Síne agus dleacht sheasta EUR 415 in aghaidh an tona le haghaidh gach táirgeora onnmhairiúcháin eile de chuid na Síne. Bhí na dleachtanna sin bunaithe ar shonraí gnáthluacha a ndearnadh measúnú orthu don tréimhse imscrúdúcháin a bhí infheidhme an tráth sin (1 Eanáir 2009 go dtí an 31 Nollaig 2009) sa tír analógach a úsáideadh an tráth sin, i.e. an Indinéis (féach aithrisí (78) agus (79) den Rialachán bunaidh).

([9]) Féach fonóta 2.

(30) Míníodh na cúiseanna is bun leis an bhfoirm sin de na bearta i Roinn 3.3 den bhun-Rialachán. Go háirithe, fuarthas amach go raibh praghsanna díola mealaimín tar éis na tréimhse imscrúdúcháin idir EUR 1 200 agus EUR 1 500 in aghaidh an tona, a bhí idir EUR 300 agus EUR 600 os cionn an mheánphraghais díola i dtréimhse imscrúdúcháin an imscrúdaithe sin. Le dleacht shonrach bunaithe ar phraghsanna a bhí i réim sa tréimhse imscrúdúcháin sin, 'chuirfí teorainn le haon mhéadú breise ar phraghas mealaimín a dhéanfadh difear tromchúiseach do ghnó foriomlán na n-úsáideoirí' ([10]).

(31) I gcomhréir le forais an athbhreithnithe mar a luaitear faoi phointe 4 den fhógra tionscnaimh, rinne an Coimisiún imscrúdú, mar sin, lena fháil amach an ann go fóill do na himthosca a thugann údar leis an mbeart frithdhumpála san fhoirm ina bhfuil sé faoi láthair (íosphraghas allmhairiúcháin agus dleacht sheasta). Rinne an Coimisiún imscrúdú freisin féachaint an bhfuil an cineál sin birt frithdhumpála fós ag fritháireamh éifeachtaí na dumpála a fuarthas in imscrúduithe roimhe seo, rud a chuireann cosc ar dhíobháil do thionscal an Aontais.

3.2.2. *Athrú ar imthosca*

3.2.2.1. Méadú suntasach ar an gcostas táirgthe

3.2.2.1.1. Méadú mór ar phraghsanna gáis

(32) Tá costas mealaimín socraithe den chuid is mó ag praghas an gháis. Is féidir mealaimín a tháirgeadh as an úiré nó as an amóinia. San imscrúdú bunaidh, as a dtagann na bearta atá ann faoi láthair, tuairiscíodh go raibh gar do 50 % den chostas táirgthe mealaimín ([11]) i gceist le gás.

(33) San imscrúdú reatha, chinn an Coimisiún, ó forchuireadh an Rialachán bunaidh, go bhfuil athruithe struchtúracha tagtha ar mhargaí gáis na hEorpa. I bhfianaise an sciar den ghás i gcostas mealaimín, bhí tionchar tromchúiseach ag na hathruithe sin ar chostas táirgthe mealaimín.

(34) Go dtí 2021, is ón Rúis a tháinig cuid mhór de sholáthairtí gáis chuig an Aontas. Go deimhin, thit sciar ghás píblíne na Rúise in allmhairí an Aontais ó bhreis agus 40 % in 2021 go dtí thart ar 8 % in 2023 ([12]). Sa tréimhse fhada roimhe sin idir 2010 agus 2021, bhí sciar ghás na Rúise in allmhairí gáis an Aontais idir 30 % agus 45,5 % ([13]). Mar thoradh air sin, ráthaíodh praghsanna réasúnta cobhsaí d'úsáideoirí gáis an Aontais. Shuigh an Coimisiún, sa tréimhse 9 mí a mhair ó mhí Aibreáin 2010 go dtí mí na Nollag 2010, sular tugadh an t-imscrúdú bunaidh i gcrích, gur trádáladh gás ar an meán ag 19,08 EUR/MWh ag malartán TTF na hÍsiltíre ('TTF') ([14]). Idir 2011 agus 2020, luainigh praghsanna gáis idir 6 EUR/MWh agus 28 EUR/MWh. Ón dara leath de 2021 ar aghaidh, thosaigh praghsanna gáis an Aontais ag ardú go leibhéil i bhfad níos airde nach bhfacthas riamh roimhe seo. Ba mheasa fós an treocht sin mar thoradh ar fhogha míleata Chónaidhm na Rúise gan chúis gan údar i gcoinne na hÚcráine ó bhí mí an Mhárta 2022 ann. Ó shin i leith, cuireadh allmhairí gáis i bhfoirm GNL ó thíortha tionscnaimh eile, nó allmhairí gáis nádúrtha ón Iorua go háirithe, in ionad allmhairí gáis nádúrtha ón Rúis a sheoltar trí phíblínte, den chuid is mó ([15]). Bhí an t-athrú sin ar an mbonneagar soláthair gáis ina thoisc bhreise a chuir leis an méadú tapa ar phraghsanna gáis. An 22 Lúnasa 2022, tháinig ardú as cuimse ar phraghsanna gáis go 339,20 EUR/MWh i gcás an gháis a trádáladh ag TTF ([16]). Thairis sin, i bhfianaise mhéid na n-infheistíochtaí a rinneadh i mbonneagar GNL, meastar go bhfuil siad do-aisiompaithe. Dá bhrí sin, tá sé réasúnta glacadh leis, fiú nuair a thiocfaidh deireadh leis an bhfogha míleata sin, nach dócha go n-atosóidh formhór na mBallstát ag ceannach gáis ar phraghsanna chomh híseal agus a bhí siad nuair a rinneadh an t-imscrúdú bunaidh, agus nuair a socraíodh an t-íosphraghas allmhairiúcháin, suas go dtí 2020, agus an bhliain sin san áireamh.

([10]) Aithrisí (63) agus (65) de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 457/2011.
([11]) Aithris (22) de Rialachán (AE) Uimh. 1035/2010 ón gCoimisiún an 15 Samhain 2010 lena bhforchuirtear dleacht frithdhumpála shealadach ar allmhairí mealaimín de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne (IO L 298, 16.11.2010, lch. 10, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2010/1035/oj).
([12]) https://www.consilium.europa.eu/en/infographics/eu-gas-supply/.
([13]) https://www.statista.com/statistics/1021735/share-russian-gas-imports-eu/.
([14]) Féachhttps://tradingeconomics.com/commodity/eu-natural-gas D'úsáid an Coimisiún an tréimhse ó mhí Aibreáin go dtí mí na Nollag 2010 mar phointe tagartha toisc gurb í an tréimhse is luaithe atá le feiceáil i gcairt an tsuímh gréasáin sin atá ar fáil go poiblí.
([15]) https://www.consilium.europa.eu/en/infographics/eu-gas-supply/.
([16]) https://tradingeconomics.com/commodity/eu-natural-gas.

(35) Mar sin féin, fiú tar éis do na praghsanna gáis tosú ag cobhsú ó thús 2023, d'fhan meánphraghas an gháis níos airde ná mar a bhí sé go comhsheasmhach roimh 2021. Le linn thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe, trádáladh an gás ar an meán de réir [50-60] EUR/MWh ([17]), rud atá thart ar thrí huaire níos airde ná meánphraghas na tréimhse ó mhí Aibreáin go dtí mí na Nollaig 2010. An 29 Meán Fómhair 2023, an lá trádála deireanach de thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe, rinneadh gás nádúrtha a thrádáil ag EUR 41,86/MWh ag TTF ([18]). Tá sé sin i bhfad níos lú ná an leibhéal ard a breathnaíodh i mí Lúnasa 2022 ach tá sé fós i bhfad níos airde ná na leibhéil a chonacthas suas go dtí an chéad leath de 2021 (agus an chéad leath sin san áireamh).

(36) Le linn na tréimhse faoi bhreathnú a úsáideadh san imscrúdú bunaidh, i.e. ón 1 Eanáir 2006 go dtí an 31 Nollaig 2009, bhí an costas táirgthe arna thabhú ag tionscal an Aontais idir EUR 1 054 agus EUR 1 229 in aghaidh an tona ([19]). Ón 1 Eanáir 2012 go dtí an 31 Márta 2016, bhí an tréimhse faoi bhreathnú a úsáideadh sa chéad athbhreithniú éaga idir EUR 1 036 agus EUR 1 144 in aghaidh an tona ([20]). In 2019, EUR 980 in aghaidh an tona a bhí i gcostas táirgthe thionscal an Aontais agus ([21]). Dá bhrí sin, sna tréimhsí uile a ndearna an Coimisiún imscrúdú orthu idir 2006 agus 2019, d'fhan costas táirgthe thionscal an Aontais in aghaidh an tona mealaimín thar a bheith cobhsaí, agus ní raibh sa difríocht idir an costas is ísle (EUR 980) agus an costas is airde (EUR 1 229) ach 25,4 %.

(37) Os a choinne sin, le linn an chuid is mó den tréimhse faoi bhreathnú, ón 1 Eanáir 2021 go dtí an 30 Meán Fómhair 2023, bhí an costas táirgthe arna thabhú ag tionscal an Aontais idir EUR 1 611 agus EUR 3 132 in aghaidh an tona. Fágtar an bhliain 2020, an chéad bhliain den tréimhse faoi bhreathnú, ar lár leis an dearcadh sin toisc gur baineadh amach costas sách íseal na mbliana sin faoi thionchar an choir chun donais eacnamaíoch a bhain leis an bpaindéim COVID. Léiríonn sé sin a mhéid a rinne na costais gháis a bhí ag méadú go tapa (féach aithris (34)) difear do chostas iomlán táirgthe thionscal an Aontais.

(38) D'áitigh na hiarratasóirí go raibh 80 % - 90 % de chostais táirgthe mheasta iomlána tháirgeoirí an Aontais i gceist le gás nádúrtha, príomhábhair ionchuir bunaithe ar ghás nádúrtha agus gal le chéile, agus na praghsanna gáis atá i réim faoi láthair á gcur san áireamh. Níor chuir CCCMC ina choinne sin ([22]).

(39) Ar bhonn a bhfuil thuas, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid go bhfuil méadú suntasach tagtha ar chostais gháis ó rinneadh an t-imscrúdú bunaidh, i ndearbhthéarmaí agus, dá bhrí sin, i dtéarmaí coibhneasta, rud a mheastar a bheith ina athrú ábhartha ar imthosca de réir bhrí Airteagal 11(3) den bhun-Rialachán.

3.2.2.1.2. Tosca eile a mhéadaíonn costas táirgthe go suntasach

(40) Mhaígh na hiarratasóirí go bhfuil méadú tagtha ar na costais a bhaineann le comhlíonadh an chreata comhshaoil Eorpaigh ón imscrúdú bunaidh i leith. Is é Córas Trádála Astaíochtaí an Aontais (CTA) an scéim comhshaoil aonair is tábhachtaí a bhfuil tionscal an Aontais faoina réir. Bunaíodh an Córas Trádála Astaíochtaí ar dtús in 2005. Ciallaíonn sé sin go raibh CTA ann cheana féin tráth an imscrúdaithe bunaidh. Mar sin féin, tá athruithe suntasacha tagtha ar CTA ó shin i leith, rud a d'fhág go raibh costais táirgthe i bhfad níos airde le híoc ag táirgeoirí an Aontais.

(41) Thug CCCMC dá aire nach raibh an sciar d'aon chostas comhlíontachta comhshaoil den sórt sin sa chostas iomlán táirgthe soiléir ón iarraidh agus cheistigh sé go ginearálta tábhacht na gcostas sin. Sa chomhthéacs sin, thug CCCMC le tuiscint go raibh lamháltais saor in aisce ar fáil faoin scéim CTA. Mhaígh CCCMC freisin gur cheart aon chostas a eascraíonn as CTA a chomhlíonadh a fhritháireamh leis an Sásra Coigeartaithe Carbóin ar Theorainneacha (SCCT) a tugadh isteach le déanaí ([23]).

([17]) Raon tugtha chun ábhar sonraí atá faoi réir cóipchirt a chosaint.
([18]) https://tradingeconomics.com/commodity/eu-natural-gas.
([19]) Féach Tábla 7 (b) de Rialachán (AE) Uimh. 1035/2010.
([20]) Féach Airteagal 11 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2017/1171.
([21]) Féach Airteagal 8 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/1776.
([22]) t24.001030, leathanach 9, míreanna 22 agus 23.
([23]) Rialachán (AE) 2023/956 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 10 Bealtaine 2023 lena mbunaítear sásra coigeartaithe carbóin ar theorainneacha (IO L 130, 16.5.2023, lch. 52, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2023/956/oj).

(42) De réir na fianaise agus na réamh-mheastachán arna gcomhdú ag na hiarratasóirí, is mó na costais a thabhófar le haghaidh na gceart chun CO_2 a astú go dtí 2026 ná an tairbhe a bhainfear as lamháltais saor in aisce atá ar fáil maidir leis na hastaíochtaí arb é táirgeadh na n-ionchur is gá chun mealaimín a tháirgeadh is cúis leo. Léirigh sonraí a tuairiscíodh san iarraidh go dtiocfadh méadú idir [55 % agus 135 %] ([24]) ar na réamh-mheastacháin praghsanna ar astaíochtaí truailleán iomlána na cuideachta idir 2021 agus 2026.

(43) Maidir le costais chomhshaoil, mhaígh CCCMC ó tharla nár nocht an Coimisiún ach athrú céatadáin gan luach bonnlíne nó comhthéacs costais a thabhairt, go raibh an nochtadh sin gan bhrí.

(44) D'athdhearbhaigh an Coimisiún go n-áirítear sa raon a soláthraíodh an méadú measta is ísle agus is airde ar chostais chomhshaoil i measc tháirgeoirí sampláilte an Aontais. Níl sé neamhghnách go n-athraíonn na rátaí méadaithe go suntasach idir cuideachtaí a bhfuil cleachtais ceannaithe astaíochtaí éagsúla acu. Thairis sin, measadh gur faisnéis rúnda gnó iad na figiúirí beachta in aghaidh na cuideachta.

(45) Maidir le haon fhritháireamh ar chostais a iompraíonn tionscal an Aontais faoi SCCT, d'aontaigh an Coimisiún leis na hiarratasóirí agus dheimhnigh sé nach bhfuil mealaimín incháilithe do chosaint faoi SCCT.

(46) Chuir na hiarratasóirí in iúl freisin gur tugadh boilsciú praghsanna foriomlán faoi deara ó rinneadh an t-imscrúdú bunaidh. Ar na fachtóirí as ar eascair boilsciú bhí, thar aon ní eile, na hathruithe struchtúracha ar na margaí gáis a mhínítear faoi aithris (34) ach freisin scrogaill i slabhraí soláthair agus borradh géar ar an éileamh. Dá ndéanfaí an t-íosphraghas allmhairiúcháin EUR 1 153 in aghaidh an tona a forchuireadh san imscrúdú bunaidh a choigeartú leis na rátaí boilscithe bliantúla arna bhfoilsiú ag Eurostat, bheadh íosphraghas allmhairiúcháin EUR 1 474 ar a laghad mar thoradh ar an mbliain 2022. Thug an Coimisiún dá aire go raibh praghsanna díola mealaimín thionscal an Aontais chomh hard le EUR 3 196 in aghaidh an tona (meán 2022, féach tábla 7) agus go raibh praghsanna allmhairiúcháin na Síne chomh hard le EUR 1 990 in aghaidh an tona (meán 2022, féach tábla 3). Cé gur thit praghsanna ina dhiaidh sin i dtréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe, tugtar faoi deara go raibh an costas táirgthe a thabhaigh tionscal an Aontais fós cothrom le EUR 3 069 i dtréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe (féach tábla 7).

(47) Mheas CCCMC gur bhain ráta boilscithe an Aontais buaicphointe amach in 2022 ach gur tháinig laghdú air ina dhiaidh sin toisc go raibh deireadh leis na bunchúiseanna boilscithe, amhail an borradh ar phraghsanna gáis agus an t-éileamh ar mhealaimín tar éis na paindéime COVID. Chomhaontaigh an Coimisiún gur shroich an boilsciú praghsanna foriomlán buaicphointe in 2022 agus go bhfuil rátaí boilscithe laghdaithe ó shin i leith. Mar sin féin, tá praghsanna agus, dá bhrí sin, costais fós ar leibhéal atá go mór os cionn leibhéal 2009, tréimhse imscrúdúcháin an imscrúdaithe bunaidh. Níl aon fhianaise ann gur dócha go n-aisiompóidh tionchar foriomlán an bhoilscithe ar phraghsanna ó 2009 i leith.

3.2.2.2. Staid an tsoláthair ar mhargadh an Aontais

(48) San imscrúdú bunaidh, chuir úsáideoirí in iúl go raibh imní orthu maidir le slándáil soláthair leordhóthanaigh mealaimín ar phraghsanna inacmhainne ([25]).

3.2.2.2.1. Acmhainneacht táirgeachta thionscal an Aontais

(49) San iarraidh, d'áitigh na hiarratasóirí go bhfuil acmhainneacht táirgeachta thionscal an Aontais thart ar 60 % níos airde ná tomhaltas an Aontais agus go bhfuil méadú suntasach tagtha uirthi ó 2009 i leith. D'áitigh siad freisin tús áite a thabhairt do dhíolacháin chuig margadh an Aontais thar mhargaí onnmhairiúcháin agus, dá bhrí sin, bheidís in ann freastal ar mhargadh iomlán an Aontais más gá.

(50) Go deimhin, fuarthas amach san imscrúdú gur tháinig méadú os cionn 20 % ar acmhainneacht táirgeachta thionscal an Aontais idir 2009, i.e. tréimhse imscrúdúcháin an imscrúdaithe bunaidh, agus tréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe seo. I dtréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe, 476 874 thona a bhí in acmhainneacht táirgeachta thionscal an Aontais, mar a léirítear i dTábla 5, ach 339 676 thona a bhí sa tomhaltas (féach tábla 1). Dá bhrí sin, tá tionscal an Aontais in ann soláthar a dhéanamh do mhargadh iomlán an Aontais más gá.

([24]) Tugtar raon níos leithne chun sonraí íogaire a chosaint.

([25]) Aithrisí (62) go (67) de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 457/2011.

(51) D'aontaigh CCCMC gur sháraigh acmhainneacht táirgeachta thionscal an Aontais tomhaltas an Aontais go leanúnach ó 2006 i leith agus, dá bhrí sin, nach bhfaca sé aon athrú ar imthosca a bhaineann le cumas thionscal an Aontais soláthar do mhargadh an Aontais ([26]).

(52) Dhiúltaigh an Coimisiún don argóint a rinne CCCMC agus don chur chuige ó thaobh acmhainneacht bhreise iomlán thionscal an Aontais a mheas ó 2009 i leith gan tosca ábhartha eile a chur san áireamh. Mar a chuirtear in iúl in aithris (57) thíos, tá feabhas foriomlán tagtha ar staid an tsoláthair ar mhargadh an Aontais i bhfianaise acmhainneacht mhéadaithe thionscal an Aontais i gcomhar le hallmhairí níos mó ó thríú tíortha a bhfuil praghas réasúnta orthu.

3.2.2.2.2. An sciar den mhargadh atá ag tionscal an Aontais

(53) Ó 2006 go 2009, i.e. tréimhse thagartha an imscrúdaithe bunaidh, bhí an sciar den mhargadh a bhí ag tionscal an Aontais cothrom le 80 % ar an meán agus níor thit sé riamh faoi bhun 74 %. Ar an gcaoi chéanna, idir an 1 Eanáir 2012 agus an 31 Márta 2016, ba é 77 % an sciar sin den mhargadh ar an meán (féach Tábla 6 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2017/1171), ach sa bhliain 2019, i.e. an bhliain a chríochnaigh sular thosaigh tús thréimhse thagartha an imscrúdaithe reatha, ba é 73 % an sciar sin (féach Tábla 7 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/2653).

(54) San iarraidh, d'áitigh na hiarratasóirí gur thit sciar thionscal an Aontais den mhargadh go mór mar thoradh ar phraghsáil ionsaitheach tháirgeoirí onnmhairiúcháin na Síne. Go deimhin, ós rud é go raibh an sciar den mhargadh a bhí ag tionscal an Aontais idir 73 % agus 80 % ar feadh tréimhse fhada, mar a mhínítear in aithris (53) thuas, le linn thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe seo, ní raibh ach 48,6 % i gceist leis (féach Tábla 6), rud a léiríonn athrú suntasach ar an imthoisc. Thug an Coimisiún dá aire, i gcodarsnacht leis sin, gur mhéadaigh sciar margaidh na n-allmhairí Síneacha ó mhéid beag, is é sin 6,5 %, in 2009 go 29,2 % i dtréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe reatha. Mar a luaitear in aithris (56) thíos, tháinig méadú freisin ar allmhairí ó thríú tíortha eile agus, dá bhrí sin, chuir siad leis an gcaillteanas a bhain do thionscal an Aontais ó thaobh a sciar den mhargadh de ach ar bhonn níos lú ná mar a rinne allmhairí na Síne.

3.2.2.2.3. Allmhairí ó thríú tíortha

(55) D'áitigh na hiarratasóirí san iarraidh, i gcás ganntanas soláthair, go bhféadfadh allmhairí ó thríú tíortha aon bhearna is toradh ar mhéadú ar thomhaltas a líonadh.

(56) Thug an Coimisiún dá aire gurbh é 6,2 % an sciar iomlán den mhargadh a bhí ag allmhairí ó thríú tíortha seachas an tSín in 2009 (féach tábla 12 de Rialachán (AE) Uimh. 1035/2010) agus go raibh leibhéal an sciar sin den mhargadh, in éineacht leis an sciar 85 % den mhargadh a bhí ag tionscal an Aontais an tráth sin, ar cheann de na príomhchúiseanna le hathrú fhoirm na dleachta go dleacht sheasta ([27]). Tá méadú suntasach tagtha ar an sciar den mhargadh atá ag allmhairí ó thríú tíortha ó shin i leith agus 22,3 % a bhí i gceist leis le linn thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe, rud a léiríonn go bhfuil acmhainneachtaí forbartha ag táirgeoirí tríú tíortha ar féidir leo rannchuidiú leis an tomhaltas i margadh an Aontais a shásamh agus le staid shláintiúil iomaíoch ar chothrom iomaíochta a áirithiú.

3.2.2.2.4. Conclúid maidir le staid an tsoláthair

(57) Ar bhonn a bhfuil thuas, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid go bhfuil athrú suntasach tagtha ar staid an tsoláthair ar mhargadh an Aontais ó rinneadh an t-imscrúdú bunaidh. Cé gurbh í an tSín an t-aon fhoinse shuntasach allmhairí in 2009 agus go bhféadfadh méaduithe suntasacha ar phraghsanna a bheith mar thoradh ar ghanntanas mealaimín ar mhargadh an Aontais tar éis bearta sealadacha a fhorchur (féach aithris (63) den bhun-Rialachán), ba léir go raibh an staid sin difriúil le linn thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe agus iliomad foinsí tábhachtacha allmhairí ann (rud ba chúis le brú iomaíoch cothrom) mar aon le hacmhainneacht táirgeachta i bhfad níos mó san Aontas.

([26]) t24.001039, mír 10.
([27]) Féach fonóta 25.

3.2.2.3. Conclúid

(58) San imscrúdú reatha, shuigh an Coimisiún go bhfuil athrú tagtha ar roinnt imthosca ó rinneadh an t-imscrúdú bunaidh, go háirithe maidir leis an gcostas táirgthe arna thabhú ag tionscal an Aontais ach ar thaobh an tsoláthair freisin. Ó bhí 2021 ann, tá méadú mór tagtha ar an gcostas táirgthe san Aontas, rud a fhágann nach bhféadfaí an díobháil a rinneadh do thionscal an Aontais de dheasca allmhairí dumpáilte na Síne a chosc go héifeachtach a thuilleadh leis na híosphraghsanna allmhairiúcháin agus leis an dleacht shonrach is infheidhme maidir le gach cuideachta eile, bunaithe ar chostais agus ar phraghsanna 2009. Dá bhrí sin, bhain díobháil do thionscal an Aontais de réir na conclúide ar thángthas uirthi in aithris (134). An tráth céanna, cé gurbh iad na hábhair imní maidir le soláthar leordhóthanach mealaimín a bheith ar fáil d'úsáideoirí an phríomhchúis leis na bearta a fhorchur san fhoirm ina bhfuil siad faoi láthair san imscrúdú bunaidh, tá feabhas mór tagtha ar shlándáil an tsoláthair don tionscal úsáideoirí ó 2009.

3.2.3. *Cineál marthanach*

3.2.3.1. Réamhrá

(59) I gcomhréir le hAirteagal 11(3) den bhun-Rialachán, scrúdaigh an Coimisiún freisin an bhféadfaí a mheas go réasúnta gur imthosca marthanacha iad na himthosca athraithe a breathnaíodh faoi Roinn 3.5.2.

(60) Cheistigh roinnt páirtithe ina n-aighneachtaí an bhféadfaí athruithe ar imthosca a mheas mar athruithe de chineál marthanach. Rinneadh cuid de na haighneachtaí a chomhdú sular nochtadh na fíorais riachtanacha. Déantar achoimre ar na maímh sin go léir sa Roinn seo.

3.2.3.2. Measúnú ar chineál marthanach

3.2.3.2.1. Méadú suntasach ar an gcostas táirgthe

(61) Maidir leis an méadú mór ar phraghsanna gáis, mhaígh CCCMC gur tháinig laghdú suntasach ar phraghsanna gáis nádúrtha i dtreo dheireadh thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe, síos ó bhuaiceanna roimhe sin. Léirigh an fhorbairt sin, de réir CCCMC, nach raibh in aon athrú ar imthosca, sa chás seo na praghsanna gáis a bhí méadaithe go mór, ach athrú sealadach. Thairis sin, d'áitigh CCCMC gur tháinig laghdú ar phraghsanna an gháis nádúrtha, an t-ionchur mór chun mealaimín a tháirgeadh, go dtí beagnach na leibhéil chéanna a breathnaíodh roimh lár 2021.

(62) Ar an gcaoi chéanna, mheabhraigh Cónaidhm an Phainéil Eorpaigh ('EPF') gurbh é costas an gháis nádúrtha an príomhspreagthóir a raibh tionchar aige ar chostas táirgthe táirgeoirí mealaimín. Ó bhí 2023 ann, bhí praghsanna gáis nádúrtha tar éis laghdú go tapa agus go substaintiúil de réir EPF. Thug sé dá aire go raibh spotphraghsanna gáis nádúrtha san Eoraip ar leibhéil idir 28 agus 32 EUR/MWh i mí Eanáir 2024 ach in 2018, bhí meán-spotphraghsanna gáis nádúrtha san Eoraip thart ar 22 go 23 EUR/MWh. De réir EPF, thuar na margaí airgeadais go mbeadh praghsanna gáis idir 2024 agus 2026 an-ghar do na leibhéil a bhí ann roimhe seo. Mhaígh EPF gur fhill praghsanna gáis ar na gnáthleibhéil a bhí ann roimhe seo agus go bhféadfadh na hiarratasóirí dul san iomaíocht arís faoi fhoirm reatha na mbeart.

(63) Sholáthair Táirgeoirí Eorpacha Urláir Lannáin ('EPLF') réamh-mheastachán comhchosúil maidir le forbairt phraghas an gháis. Dúirt EPLF freisin go dtiocfadh laghdú ar rátaí boilscithe nuair a chobhsódh praghsanna gáis mar atáthar ag súil leis. Dá réir sin, dá ísleodh rátaí boilscithe, bhí coinne leis go dtosódh na príomhbhainc cheannais ag ísliú na rátaí úis. Dhéanfadh rátaí úis níos ísle iasachtaí morgáiste níos saoire. Mar thoradh air sin, bheadh eastát réadach níos inacmhainne, rud a d'fhágfadh go mbeadh athbhorradh ionchasach ar an earnáil tógála, atá ina príomhúsáideoir táirgí mealaimín.

(64) Níor aontaigh an Coimisiún leis na héilimh thuasluaite. Mheas an Coimisiún nach mór an dóchúlacht go dtitfidh praghsanna gáis nádúrtha ar ais sna raonta praghsanna a breathnaíodh suas go dtí 2020.

(65) Maidir leis an maíomh a chuirtear san áireamh arís faoi aithris (62) thuas, thug an Coimisiún dá aire go raibh praghsanna gáis idir 28 agus 32 EUR/MWh, mar a thug EPF faoi deara i mí Eanáir 2024, agus iad fós i bhfad os cionn na bpraghsanna idir EUR 22 agus 23 a bhreathnaigh an EPF in 2019. Thug an Coimisiún dá aire go raibh meánphraghas gáis TTF sa chéad leath de 2024 ag 29,82 EUR/MWh, praghas atá 56 % os cionn mheánphraghas gáis TTF is é sin 19,08 EUR/MWh ([28]), meán na tréimhse ó mhí Aibreáin go mí na Nollag 2010 (féach fonóta 16 den Rialachán seo), agus i bhfad os cionn mheánphraghas gáis TTF le linn na tréimhse 2011-2020 freisin. Dá bhrí sin, fiú más rud é gur cheart a mheas gur cás eisceachtúil é staid phraghas an gháis i dtréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe, tá praghsanna gáis fós i bhfad níos airde ná an meánphraghas suas go dtí 2020, agus an bhliain sin san áireamh.

(66) Níor thug EPF bunús breise leis na réamh-mheastacháin líomhnaithe ar phraghsanna gáis dóchúla suas go dtí an bhliain 2026. Thairis sin, maidir leis na maímh faoi aithrisí (61) go (63), mheas an Coimisiún nach dócha, i bhfianaise na n-athruithe ar an staid gheopholaitiúil, go gcobhsóidh praghsanna gáis go daingean ar na leibhéil a chonacthas go dtí mí an Mheithimh 2021. Ó bhí 2021 ann, tá formhór na mBallstát a fhoinsíonn gás nádúrtha go díreach ón Rúis trí phíblínte tar éis tús a chur le hallmhairí den sórt sin a laghdú. Mar thoradh ar an bhfogha gan chúis gan údar a thug an Rúis faoin Úcráin, threisigh agus bhrostaigh an tAontas Eorpach agus na Ballstáit bearta ionas nach mbeidís chomh spleách céanna ar ghás na Rúise. Mar chuid de sin, tá 17 gcríochfort GNL ar a laghad beartaithe nó á dtógáil ([29]). I bhfianaise na n-infheistíochtaí thar a bheith tábhachtach a bhfuil gá leo chun críochfoirt GNL agus an bonneagar soláthair iomlán a thógáil agus i bhfianaise ghealltanas an Aontais deireadh a chur leis an spleáchas ar ghás na Rúise ([30]), ní dócha go bhfillfidh an tAontas ar ghás píblíne na Rúise a cheannach de réir na méideanna agus na bpraghsanna a bhí aige roimh 2021 agus, dá bhrí sin, is dócha go leanfaidh praghsanna i bhfad níos airde de bheith le feiceáil sa mhargadh ná na praghsanna a breathnaíodh go dtí an chéad leath de 2021.

(67) Tar éis an nochta, cháin CCCMC gur bhraith an Coimisiún, chun críoch comparáide, ar phraghas gáis an lae dheireanaigh de thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe, a tugadh faoi deara ag 41,86 EUR/MWh ag TTF agus ar mheánphraghas thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe, nach raibh ionadaíoch, dar le CCCMC, i bhfianaise na bpraghsanna thar a bheith ard sa tréimhse sin, lena n-áirítear buaicphointe 339,20 EUR/MWh, a baineadh amach an 22 Lúnasa 2022 (féach aithrisí (34) agus (35)). Dúirt CCCMC freisin, i bhfianaise an chomhghaoil idir praghsanna gáis nádúrtha agus costais táirgthe thionscal an Aontais, go bhfuil na costais táirgthe sin ar ais cheana féin, nó go bhfuil coinne leis go bhfillfidh siad go luath ar na 'leibhéil réamh-ghéarchéime'.

(68) Dhiúltaigh an Coimisiún do na maímh sin. Mheabhraigh sé, ar mhaithe le measúnú a dhéanamh ar chineál marthanach an athraithe sna himthosca a suíodh, gur thagair sé freisin do mheánphraghas gáis TTF sa chéad leath de 2024 (féach aithris (65)), tréimhse inar léir gur tháinig praghsanna síos ó bhuaicphointí roimhe sin a bhí eisceachtúil ach go raibh siad ag cobhsú ar leibhéil i bhfad níos airde ná an leibhéal a bhí ann roimh an gcéad leath de 2021. Thug an Coimisiún dá aire freisin gurbh é 29,82 EUR/MWh meánphraghas gáis TTF sa dara leath de 2024, rud atá i bhfad os cionn mheánphraghas gáis TTF le linn na tréimhse 2011-2020 (féach aithris (65)). Dá bhrí sin, níl aon chomhartha ann go bhfuil coinne leis go gcobhsóidh an costas táirgthe arna thabhú ag tionscal an Aontais ar leibhéil atá cosúil leis na leibhéil a bhí ann le linn na tréimhse ó fhorchur na mbeart go dtí an chéad leath de 2021.

(69) Tar éis an nochta, d'athdhearbhaigh EPF go mbeadh leibhéil praghsanna an gháis nádúrtha atá tuartha don dara leath de 2026 gar do na praghsanna gáis iarbhír a tugadh faoi deara i mí Iúil 2023 (23-25 EUR/MWh). Ní bheadh sé sin i bhfad ó na leibhéil a chonacthas in 2021. Sa chomhthéacs sin, thagair EPF don Réamhaisnéis Eacnamaíoch Eorpach is déanaí ón 15 Samhain 2024 ([31]).

(70) Thug an Coimisiún dá aire go raibh praghsanna an gháis nádúrtha a tuaradh don tréimhse ón dara ráithe de 2025 go dtí an chéad ráithe de 2026 idir 43,5 EUR/MWh agus 47,25 EUR/MWh ([32]). Tá na praghsanna sin 46 % níos airde ar a laghad ná an meánphraghas gáis TTF a tugadh faoi deara sa chéad leath de 2024 (féach aithris (65)).

([28]) Meán na gcéad laethanta trádála de gach mí idir mí Eanáir agus mí an Mheithimh 2024.
([29]) Financial Times, 29 Aibreán 2024, https://www.ft.com/content/16031b21-cb2f-40c7-a77d-1ac061196264.
([30]) Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig an gCoiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún, COM(2022) 360 final de 20.7.2022.
([31]) https://economy-finance.ec.europa.eu/document/download/3b537fad-ad74-419f-8b54-d73553ca7f7f_ga?filename=AF2024%20PPT_final.pdf.
([32]) https://www.ice.com/products/27996665/Dutch-TTF-Natural-Gas-Futures/data?marketId=5786628&span=1, praghsanna arna seiceáil an 8 Eanáir 2025.

(71) De réir a bhfuil thuas, dheimhnigh an Coimisiún go meastar gur de chineál marthanach iad an t-athrú ar an bpatrún ceannaigh agus soláthair agus na costais níos airde ar ghás nádúrtha a íocann táirgeoirí an Aontais mar thoradh air sin.

(72) Maidir leis na costais comhlíontachta comhshaoil atá le híoc ag tionscal an Aontais (féach aithris (40)), níl aon léiriú ann go ndéanfar na hoibleagáidí rialála comhshaoil sin a aisiompú go luath. Go deimhin, mar thoradh ar an mbéim níos mó ar inbhuanaitheacht chomhshaoil — go háirithe tríd an gComhaontú Glas don Eoraip — is dócha go mbeidh costais comhlíontachta tionsclaíche níos airde ann do tháirgeoirí an Aontais. Deimhnítear an ráiteas sin leis na réamh-mheastacháin a chuir táirgeoirí an Aontais ar fáil go dtí seo (féach aithris (42)). Dá bhrí sin, tá coinne leis go mbeidh an t-athrú a fheictear ar imthosca de chineál marthanach.

(73) Tar éis an nochta, d'iarr CCCMC a fháil amach cé chomh tábhachtach agus a bhí na costais chomhlíontachta líomhnaithe i gcomparáid le costais iomlána táirgthe mealaimín in aghaidh an aonaid, rud a bhí fós ina shaincheist ríthábhachtach agus measúnú á dhéanamh ar fhíorshuntas an mhéadaithe céatadáin.

(74) Thug an Coimisiún dá aire go raibh sciar níos lú de chostais iomlána táirgthe mealaimín i gceist leis na costais chomhshaoil a bhí ar thionscal an Aontais ná mar a bhí i gceist le costais gháis. Mar sin féin, ní athraíonn sé seo go raibh na hathruithe a breathnaíodh fós suntasach agus marthanach ó thaobh cineáil de.

(75) Maidir le boilsciú (féach aithris (46)), thug an Coimisiún dá aire gur cinnte go mbeidh praghsanna níos airde ar an táirge aschuir, mealaimín, mar thoradh ar chineál marthanach na méaduithe ar ítimí costais (costais gháis agus chomhshaoil). Thairis sin, is mian le tionscal an Aontais an bonn costais méadaithe a léiriú ina phraghsanna díola a luaithe a athbhunófar cothrom iomaíochta toisc nach féidir leis na caillteanais a bhain dó in 2022 agus i dtréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe a sheasamh san fhadtéarma. Dá bhrí sin, leibhéal praghais mealaimín atá níos airde i gcomparáid le leibhéal na bpraghsanna a tugadh faoi deara san imscrúdú bunaidh, tá coinne leis gur de chineál marthanach a bheidh sé.

(76) Tar éis an nochta, chuir CCCMC i gcoinne go raibh costas táirgthe thionscal an Aontais níos airde i dtréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe ná mar a bhí le linn na tréimhse imscrúdúcháin bunaidh agus go raibh coinne leis go mbeadh an leibhéal costais níos airde de chineál marthanach.

(77) Thagair an Coimisiún don fhrisnéis maidir le cineál marthanach na gcostas méadaithe gáis (féach aithris (70)), a bhfuil coinne leis, i bhfianaise mheáchan na gcostas gáis sa chostas foriomlán táirgthe mealaimín, go mairfidh na costais iomlána mhéadaithe chomh fada céanna.

3.2.3.2.2. Staid an tsoláthair ar mhargadh an Aontais

(78) Maidir le hacmhainneacht táirgeachta mhéadaithe thionscal an Aontais, níor léirigh an t-imscrúdú aon phlean a bhí ag táirgeoirí de chuid an Aontais acmhainneachtaí a laghdú go luath amach anseo. Meastar, dá bhrí sin, go bhfuil an acmhainneacht fhoriomlán mhéadaithe de chineál marthanach.

(79) D'áitigh CCCMC, áfach, nár tháinig aon athrú suntasach (nó marthanach) ar acmhainneacht táirgeachta thionscal an Aontais ná ar chumas thionscal an Aontais freastal ar mhargadh an Aontais.

(80) Shoiléirigh an Coimisiún go bhfuil acmhainneacht leordhóthanach ag tionscal an Aontais freastal ar thomhaltas an Aontais. Sa chomhthéacs sin, rinne an Coimisiún tagairt do na sonraí a bailíodh san imscrúdú seo (féach táblaí 1 agus 5). Cé nach ndeachaigh an tomhaltas thar 427 309 dtona in aghaidh na bliana riamh (a chonacthas in 2021), ba é 476 874 thona in aghaidh na bliana ar a laghad an acmhainneacht (a chonacthas le linn thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe).

(81) Dúirt CCCMC freisin nach de chineál marthanach an laghdú ar an sciar den mhargadh a bhí ag tionscal an Aontais síos go dtí faoi bhun 30 % le linn na tréimhse ón 1 Iúil 2022 go dtí an 30 Meitheamh 2023 toisc gur imthosca eisceachtúla ba chúis leis amhail deacrachtaí táirgthe ar leibhéal tháirgeoirí an Aontais agus éileamh méadaithe ó úsáideoirí an tráth céanna. Chun na ganntanais soláthair a chúiteamh, bhí ar úsáideoirí brath ar allmhairí níos mó, ón tSín den chuid is mó.

(82) Thug an Coimisiún dá aire go raibh an laghdú suntasach ar sciar thionscal an Aontais den mhargadh fíorasach agus dá réir sin nár chuir CCCMC ina choinne. Mheas an Coimisiún gur tharla an laghdú ar an sciar den mhargadh den chuid is mó mar gheall ar an méadú ollmhór ar allmhairí Síneacha a rinne sladghearradh ar phraghsanna thionscal an Aontais (féach aithris (102)).

(83) I bhfianaise an mhéid sin, diúltaíodh do bharúlacha CCCMC.

(84) Tar éis an nochta, mhaígh SGE nach bhfuil athrú suntasach marthanach tagtha ar na himthosca is bun leis na bearta atá ann faoi láthair i bhfoirm dleachta seasta agus íosphraghais allmhairiúcháin. Maidir le hinfhaighteacht allmhairí mealaimín ó thríú tíortha, dúirt SGE go raibh praghsanna ó thríú tíortha níos ísle ag amanna áirithe ná na praghsanna ón tSín, agus nach raibh an soláthar ó thríú tíortha cobhsaí agus nach bhféadfadh sé teacht in ionad allmhairí ón tSín.

(85) Thug an Coimisiún dá aire gur lean praghsanna allmhairiúcháin ó thríú tíortha go ginearálta treochtaí an mhargaidh le linn na tréimhse faoi bhreathnú. Níos tábhachtaí fós, mar a léirítear i dtábla 4, d'fhan an sciar den mhargadh a bhí ag méid iomlán na n-allmhairí ó thríú tíortha i raon réasúnta gar idir 19,2 % agus 22,3 % le linn na tréimhse faoi bhreathnú, is é sin le rá, ní raibh na praghsanna chun aimhleasa sciartha den mhargadh de chuid tionscal an Aontais a mhéid céanna agus a bhí praghsanna na Síne (féach Tábla 2). Tá sciartha den mhargadh idir 19,2 % agus 22,3 % i bhfad os cionn na sciartha den mhargadh a bhí ag an tSín le linn na tréimhse faoi bhreathnú san imscrúdú as ar eascair na bearta faoi athbhreithniú, agus dá bhrí sin níor aontaigh an Coimisiún le SGE. Chinn an Coimisiún gur toisc soláthair mhalartach chobhsaí do mhargadh an Aontais a bhí i méid iomlán na n-allmhairí ó thríú tíortha.

(86) D'athdhearbhaigh SGE líomhain a rinne an t-úsáideoir KRP an 30 Deireadh Fómhair 2024 ([33]), á rá nach bhféadfadh acmhainneacht táirgeachta na hEorpa amháin an t-éileamh a shásamh. Ar an gcaoi chéanna, cheistigh EPF ina mbarúlacha maidir le nochtadh na figiúirí acmhainneachta a ndearna an Coimisiún measúnú orthu agus a thuairiscítear i dTábla 5 thíos. Líomhain EPF go raibh dhá ghléasra mealaimín de chuid BASF in Ludwigshafen dúnta go buan ag deireadh mhí Aibreáin 2023 ([34]). Thairis sin, thagair EPF d'fhaisnéis mhargaidh óna gcomhaltaí, ar dá réir nár tháirg ach OCI agus LAT Nitrogen mealaimín in 2024 ag acmhainneacht laghdaithe. 290 000 tona in aghaidh na bliana a bhí in acmhainneacht táirgeachta iomlán na monaróirí sin de réir EPF.

(87) Chun faisnéis a mheastar a bheith rúnda ó thaobh gnó de a chosaint, níorbh fhéidir leis an gCoimisiún figiúirí acmhainneachta táirgeachta tháirgeoirí aonair an Aontais a nochtadh. Dheimhnigh sé, áfach, go ndearnadh na figiúirí maidir le hacmhainneacht táirgeachta i dTábla 5 a fhíorú i gceart. Thug an Coimisiún dá aire freisin nár dúnadh na gléasraí BASF ábhartha go buan, mar a líomhnaigh EPF, ach gur tairgeadh iad lena ndíol ar an margadh ([35]). Thairis sin, cur chuige EPF maidir le hacmhainneachtaí a coinníodh díomhaoin go sealadach nó a tairgeadh lena ndíol a fhágáil ar lár, tá sé ar neamhréir le gnáthchleachtas an Choimisiúin. Cé gur laghdaigh táirgeoirí an Aontais an t-aschur toisc nach raibh siad in ann déileáil le hallmhairí ón tSín ar phraghas éagórach a chuaigh isteach i margadh an Aontais ag méideanna arda nach bhfacthas a leithéid riamh roimhe seo, níor cheart é sin a mheas mar laghdú buan ar an acmhainneacht táirgeachta. Dá bhrí sin, diúltaíodh do mhaíomh EPF. Níor tugadh bunús breise le maíomh KRP agus, ar an gcúis sin, diúltaíodh dó freisin.

3.2.4. *Conclúid*

(88) Ar bhonn an mhéid thuas, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid i gcomhréir le hAirteagal 11(3) den bhun-Rialachán go bhfuil athrú tagtha ar na himthosca dá dtagraítear i Roinn 3.2.2 ó rinneadh an t-imscrúdú bunaidh agus gur athruithe marthanacha iad na hathruithe sin.

3.3. **Díobháil**

3.3.1. *Sainiú ar thionscal an Aontais agus ar tháirgeacht an Aontais*

(89) Ar bhonn na faisnéise a bhí ar fáil san iarraidh, rinne na trí hiarratasóir agus dhá tháirgeoir eile an táirge comhchosúil a mhonarú le linn thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe. Is iad atá i gceist le 'tionscal an Aontais' de réir bhrí Airteagal 4(1) den bhun-Rialachán. Is iad BASF AG, Ludwigshafen (an Ghearmáin) agus S.C. Azomures, Targu Mures (an Rómáin) an dá tháirgeoir neamhshampláilte a sainaithníodh san iarraidh. Níl ach BASF cláraithe mar pháirtí leasmhar. Ní dhearna aon cheann den dá tháirgeoir atá i gceist barúlacha a chur isteach ná ní dhearna siad aighneachtaí le linn an imscrúdaithe.

([33]) t24.009914.
([34]) https://mcgroup.co.uk/news/20230426/melamine-market-challenges-dynamics.html.
([35]) *BASF Sells Ammonia, Methanol and Melamine Plants - ChemistryViews* [Gléasraí Amóinia, Meatánóil agus Mealaimín á nDíol ag BASF].

(90) Suíodh gur thart ar 175 786 thona a bhí i dtáirgeacht iomlán an Aontais le linn na tréimhse imscrúdúcháin. Ríomhadh an figiúr ar bhonn na bhfreagraí ar an gceistneoir a thug na trí tháirgeoir shampláilte de chuid an Aontais agus ar bhonn an fhreagra a thug na hiarratasóirí ar an gceistneoir maidir le táscairí maicreacnamaíocha.

(91) Mar a luaitear in aithris (13), roghnaigh an Coimisiún sampla cinntitheach de tháirgeoirí an Aontais a bhfuil thart ar 83 % de tháirgeacht mheasta iomlán an táirge chomhchosúil san Aontas acu. Is iad na trí tháirgeoir shampláilte na hiarratasóirí.

3.3.2. *Tomhaltas an Aontais*

(92) Shuigh an Coimisiún tomhaltas an Aontais ar bhonn an méid seo a leanas: (a) sonraí na n-iarratasóirí maidir le díolacháin an táirge chomhchosúil a bhí ag tionscal an Aontais, arna gcros-seiceáil go páirteach leis na méideanna díolachán a thuairiscigh táirgeoirí sampláilte de chuid Aontais; agus (b) allmhairí an táirge faoi athbhreithniú isteach san Aontas ó gach tríú tír mar a thuairiscítear i mbunachar sonraí Comext (Eurostat).

(93) Ar a bhonn sin, is é seo a leanas an fhorbairt a tháinig ar thomhaltas an Aontais:

Tábla 1

Tomhaltas an Aontais (tonaí)

	2020	2021	2022	Tréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe
Tomhaltas	364 168	427 309	377 704	339 676
Innéacs (2020 = 100)	*100*	*117*	*104*	*93*

Foinse: Eurostat

(94) Léiríodh san athbhreithniú gur tháinig méadú 18 % ar thomhaltas an Aontais ó 2020 go 2021 i ndiaidh téarnamh tar éis phaindéim COVID-19. Ar an iomlán, tháinig laghdú 7 % ar thomhaltas an Aontais le linn thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe.

3.3.3. *Allmhairí ón tír lena mbaineann*

3.3.3.1. Méid agus sciar de mhargadh na n-allmhairí ón tír lena mbaineann

(95) Shuigh an Coimisiún méid na n-allmhairí ón dtír lena mbaineann ar bhonn staitisticí Eurostat. Suíodh an sciar den mhargadh a bhí ag an tSín trí allmhairí a chur i gcomparáid le tomhaltas an Aontais mar a leagtar amach i dtábla 2.

(96) Is é seo a leanas an fhorbairt a tháinig ar allmhairí ón tSín:

Tábla 2

Méid na n-allmhairí agus an sciar den mhargadh

	2020	2021	2022	Tréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe
Méid na n-allmhairí ón tSín (tonaí)	1 222	27 270	107 506	99 112
Innéacs (2020 = 100)	*100*	*2 232*	*8 800*	*8 113*
Sciar den mhargadh ag allmhairí ón tSín	0,3 %	6,4 %	28,5 %	29,2 %
Innéacs (2020 = 100)	*100*	*1 902*	*8 484*	*8 698*

Foinse: Eurostat

(97) Tháinig méadú níos mó ná faoi ochtó ar mhéideanna na n-allmhairí ón tSín ó 2020 go dtí tréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe. Fiú más rud é go bhféadfadh sé nach measfaí an bhliain 2020 a bheith ionadaíoch mar gheall ar an ngéarchoir eacnamaíoch tar éis phaindéim COVID-19, ó 2021 agus go dtí tréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe, tháinig méadú beagnach os cionn ceithre oiread fós ar allmhairí ón tSín.

(98) I dtéarmaí coibhneasta (féach innéacsanna i dtábla 2 thuas), d'ardaigh sciar margaidh na n-allmhairí ón tSín níos láidre fós ná méid na n-allmhairí sin sa tslí gur beagnach 30 % a bhí i gceist leo le linn thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe. I gcomparáid le 2021, tháinig méadú os cionn ceithre oiread ar an sciar den mhargadh.

3.3.3.2. Praghsanna na n-allmhairí ón tSín agus sladghearradh praghsanna.

3.3.3.2.1. Praghsanna

(99) Shuigh an Coimisiún meánphraghsanna na n-allmhairí ón tSín bunaithe ar staidreamh Eurostat.

(100) Is é seo a leanas an fhorbairt a tháinig ar mheánphraghas ualaithe na n-allmhairí ón tSín:

Tábla 3

Praghsanna allmhairiúcháin (EUR/tona)

	2020	2021	2022	Tréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe
an tSín	958	1 627	1 990	1 361
Innéacs (2020 = 100)	*100*	*170*	*208*	*142*

Foinse: Eurostat

(101) Tháinig méadú 108 % ar mheánphraghsanna allmhairí mealaimín ón tSín ó 2020 go 2022. Tháinig laghdú géar 32 % ar phraghsanna ó 2022 go dtí tréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe.

3.3.3.2.2. Sladghearradh praghais

(102) Rinne an Coimisiún measúnú ar an sladghearradh praghais trí chomparáid a dhéanamh idir (a) meánphraghsanna staidrimh ualaithe na n-allmhairí ón tSín le linn thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe, arna suí ar bhonn CAL, le coigeartuithe iomchuí de réir an ghnáthráta dleachta custaim, dleachta frithdhumpála ([36]) agus costas iar-allmhairiúcháin, agus (b) meánphraghsanna díola ualaithe na dtrí tháirgeoir de chuid an Aontais a gearradh ar chustaiméirí neamhchomhlachaithe i margadh an Aontais. 8,5 % a bhí sa chorrlach sladghearrtha a ríomhadh dá réir sin.

(103) Bhreithnigh an Coimisiún éifeachtaí praghais eile, ísliú suntasach praghsanna go háirithe. Thug an Coimisiún faoi deara gur tharla ísliú praghsanna sa mhéid go raibh ar thionscal an Aontais a phraghsanna díolacháin a laghdú thart ar 53 % ó 2022 go dtí tréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe (féach tábla 7), rud a bhí go mór faoi bhun a chostas táirgthe agus as ar eascair caillteanas — 100,1 % i dtréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe (féach tábla 10).

3.3.4. *Méideanna agus praghsanna na n-allmhairí ó thríú tíortha*

(104) Shuigh an Coimisiún méideanna agus praghsanna na n-allmhairí ó thríú tíortha agus an mhodheolaíocht chéanna á cur i bhfeidhm aige agus a d'úsáid sé i gcás na Síne (féach roinn 3.3.3.1).

([36]) Maidir leis an dleacht frithdhumpála a forchuireadh, le linn na tréimhse imscrúdúcháin, is é a bhí i gceist leis na bearta íosphraghsanna allmhairiúcháin le haghaidh trí tháirgeoir onnmhairiúcháin agus dleacht sheasta shonrach le haghaidh na dtáirgeoirí onnmhairiúcháin eile uile. Na hallmhairí a rinne na trí pháirtí ar bhain íosphraghsanna allmhairiúcháin leo, má bhí siad ar phraghas níos airde ná an t-íosphraghas bhí siad saor ó dhleacht frithdhumpála cé go raibh dleachtanna éagsúla i gceist leis na dleachtanna frithdhumpála is infheidhme maidir le hallmhairí ó na páirtithe sin ar phraghas faoi bhun na n-íosphraghsanna allmhairiúcháin, ag brath ar luach glan an tsonraisc roimh allmhairiú. Bhí ann freisin d'allmhairí ó tháirgeoirí onnmhairiúcháin eile a raibh feidhm ag an dleacht shonrach iarmharach EUR 415 in aghaidh an tona maidir leo. I bhfianaise na gcásanna éagsúla sin, bunaíodh an méid de dhleachtanna frithdhumpála a forchuireadh ar na sonraí i ndáil le hallmhairí mealaimín a thuairiscigh na Ballstáit de bhun Airteagal 14(6) den bhun-Rialachán, toisc go raibh na méideanna a íocadh san áireamh sa tacar sonraí sin.

(105) Is é seo a leanas an fhorbairt a tháinig ar an méid allmhairí ó thríú tíortha le linn na tréimhse faoi bhreathnú:

Tábla 4

Allmhairí ó thríú tíortha

Tír		2020	2021	2022	Tréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe
Catar	An méid onnmhairí (tonaí)	26 256	35 622	37 809	40 360
	Innéacs (2020 = 100)	*100*	*136*	*144*	*154*
	Sciar den mhargadh (%)	7,2	8,3	10,0	11,9
	Innéacs (2020 = 100)	*100*	*115*	*139*	*165*
	Meánphraghas (EUR/tona)	824	1 548	2 459	1 644
	Innéacs (2020 = 100)	100	188	298	200
Oileán na Tríonóide agus Tobága	An méid onnmhairí (tonaí)	8 370	14 112	11 400	16 320
	Innéacs (2020 = 100)	*100*	*169*	*136*	*195*
	Sciar den mhargadh (%)	2,3	3,3	3,0	4,8
	Innéacs (2020 = 100)	*100*	*144*	*131*	*209*
	Meánphraghas (EUR/tona)	850	1 572	2 504	1 379
	Innéacs (2019 = 100)	100	185	295	162
an India	An méid onnmhairí (tonaí)	2 122	5 520	12 848	9 768
	Innéacs (2020 = 100)	*100*	*260*	*605*	*460*
	Sciar den mhargadh (%)	0,6	1,3	3,4	2,9
	Innéacs (2020 = 100)	*100*	*222*	*584*	*493*
	Meánphraghas (EUR/tona)	677	1 446	2 219	1 450
	Innéacs (2020 = 100)	*100*	*214*	*328*	*214*

Tír		2020	2021	2022	Tréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe
Tríú tíortha eile	An méid onnmhairí (tonaí)	35 311	26 652	15 110	9 180
	Innéacs (2020 = 100)	*100*	*75*	*43*	*26*
	Sciar den mhargadh (%)	9,7	6,2	4,0	2,7
	Innéacs (2020 = 100)	*100*	*64*	*41*	*28*
	Meánphraghas (EUR/tona)	800	1 570	2 262	1 502
	Innéacs (2020 = 100)	*100*	*196*	*283*	*188*
Allmhairí iomlána gan iad siúd ón tSín a áireamh	An méid onnmhairí (tonaí)	72 059	81 907	77 167	75 629
	Innéacs (2020 = 100)	*100*	*114*	*107*	*105*
	Sciar den mhargadh (%)	19,8	19,2	20,4	22,3
	Innéacs (2020 = 100)	*100*	*97*	*103*	*113*
	Meánphraghas (EUR/tona)	835	1 557	2 387	1 544
	Innéacs (2020 = 100)	100	186	286	185

Foinse: Eurostat

(106) Ar na foinsí allmhairí is tábhachtaí lasmuigh den tSín, tá Catar, Oileán na Tríonóide agus Tobága, agus an India. Tháinig méadú 54 % (Catar) ar a laghad agus suas le 360 % (an India) ar allmhairí ó gach ceann de na tíortha sin le linn na tréimhse faoi bhreathnú. Thosaigh an India ó leibhéal i bhfad níos ísle ná an dá thír eile in 2020, áfach. Níor tháinig ach méadú 5 % ar an sciar den mhargadh a bhain le méid iomlán na n-allmhairí ó gach tríú tír, gan an tSín san áireamh, le linn na tréimhse faoi bhreathnú.

(107) Le linn thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe, bhí meánphraghsanna allmhairiúcháin na dtrí fhoinse is tábhachtaí seachas an tSín go léir os cionn na meánphraghsanna allmhairiúcháin ón tSín. Ní raibh ach praghsanna allmhairiúcháin ó Oileán na Tríonóide agus Tobága réasúnta gar dó sin, cé go raibh siad fós os cionn na bpraghsanna allmhairiúcháin ón tSín (EUR 1 379/tona i gcomparáid le EUR 1 361/tona). Mar sin féin, bhí méid na n-allmhairí a tháinig ó Oileán na Tríonóide agus Tobága níos lú ná 20 % den mhéid a tháinig ón tSín i dtréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe.

(108) Is léir go bhfuil an méadú 2,5 pointe céatadáin ar an sciar den mhargadh a bhí ag na tríú tíortha le linn na tréimhse faoi bhreathnú níos lú ná an méadú ar an sciar den mhargadh a bhí ag allmhairí na Síne, a raibh 28,9 pointe céatadáin i gceist leis. Bhí meánphraghas na n-allmhairí ó thríú tíortha i bhfad níos airde le linn thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe ná praghas díola thionscal an Aontais (féach tábla 7) agus meánphraghas na n-allmhairí ón tSín (féach tábla 3).

3.3.5. *Staid eacnamaíoch thionscal an Aontais*

3.3.5.1. Barúlacha ginearálta

(109) Chun a mheas arbh ann do dhíobháil, rinne an Coimisiún idirdhealú idir táscairí díobhála maicreacnamaíocha agus micreacnamaíocha. Rinne an Coimisiún measúnú ar na táscairí maicreacnamaíocha bunaithe ar shonraí agus faisnéis i bhfreagraí na n-iarratasóirí ar an gceistneoir, arna gcros-seiceáil go cuí leis an bhfaisnéis san iarraidh agus leis na freagraí a thug na táirgeoirí sampláilte san Aontas ar an gceistneoir, agus le staidreamh Eurostat. Rinne an Coimisiún measúnú ar na táscairí micreacnamaíocha ar bhonn na sonraí sna freagraí a thug na táirgeoirí sampláilte san Aontas ar an gceistneoir.

(110) Is iad seo a leanas na táscairí maicreacnamaíocha sa chás seo: táirgeacht, acmhainneacht táirgeachta, úsáid acmhainneachta, an méid díolachán, sciar den mhargadh, fás, fostaíocht agus táirgiúlacht.

(111) Is iad seo na táscairí micreacnamaíocha: meánphraghsanna díola aonaid, costas aonaid, costais saothair, fardail, brabúsacht, sreabhadh airgid, infheistíochtaí, an toradh ar infheistíochtaí, agus an cumas chun caipiteal a chruinniú.

3.3.5.2. Táirgeacht, acmhainneacht táirgeachta agus úsáid acmhainneachta

(112) Is é seo a leanas an fhorbairt a tháinig ar tháirgeacht, acmhainneacht táirgeachta agus úsáid acmhainneachta iomlán an Aontais le linn na tréimhse faoi bhreathnú:

Tábla 5

Táirgeacht, acmhainneacht táirgeachta agus úsáid acmhainneachta

	2020	2021	2022	Tréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe
Méid táirgeachta (tonaí)	401 780	396 575	268 034	175 786
Innéacs (2020 = 100)	*100*	*99*	*67*	*44*
Acmhainneacht táirgeachta (tonaí)	480 578	477 621	477 379	476 874
Innéacs (2020 = 100)	*100*	*99*	*99*	*99*
Úsáid acmhainneachta (%)	83,6	83,0	56,1	36,9
Innéacs (2020 = 100)	*100*	*99*	*67*	*44*

Foinse: Iarratasóirí

(113) Tháinig laghdú 56 % ar tháirgeacht thionscal an Aontais le linn na tréimhse faoi bhreathnú. D'fhan acmhainneacht táirgeachta thionscal an Aontais beagnach cobhsaí le linn na tréimhse faoi bhreathnú, gan ach mion-laghdú 1 % ar an acmhainneacht táirgeachta. Dá thoradh sin, laghdaíodh úsáid na hacmhainneachta 56 %.

3.3.5.3. An méid díolachán agus an sciar den mhargadh

(114) Is é seo a leanas an fhorbairt a tháinig ar an méid díolachán a bhí ag tionscal an Aontais agus a sciar den mhargadh le linn na tréimhse faoi bhreathnú:

Tábla 6

An méid díolachán agus an sciar den mhargadh

	2020	2021	2022	Tréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe
Méid iomlán na ndíolachán ar mhargadh an Aontais – custaiméirí neamhchomhlachaithe	290 888	318 133	193 031	164 935
Innéacs (2020 = 100)	*100*	*109*	*66*	*57*
Sciar den mhargadh (%)	79,9	74,5	51,1	48,6
Innéacs (2020 = 100)	*100*	*93*	*64*	*61*

Foinse: Eurostat, Iarratasóirí

(115) Tháinig laghdú 9 % ar mhéid na ndíolachán i dtionscal an Aontais le custaiméirí neamhchomhlachaithe idir 2020 agus 2021 ach thit sé 52 bpointe céatadáin idir 2021 agus tréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe go dtí leibhéal a bhí 43 % faoi bhun leibhéal 2020.

(116) Tar éis na treochta céanna, thit an sciar den mhargadh a bhí ag tionscal an Aontais ó 79,9 % go 48,6 %.

3.3.5.4. Fás

(117) Le linn na tréimhse faoi bhreathnú, tháinig laghdú 7 % ar thomhaltas an Aontais, (féach tábla 1), agus tháinig laghdú 43 % ar mhéid na ndíolachán i dtionscal an Aontais le custaiméirí neamhchomhlachaithe san Aontas (féach tábla 6). Dá dheasca sin, chaill tionscal an Aontais sciartha tábhachtacha den mhargadh (féach tábla 6) i gcomparáid le hallmhairí Síneacha (féach tábla 2).

3.3.5.5. Praghsanna agus tosca lena ndéantar difear do phraghsanna

(118) Is é seo a leanas an fhorbairt a tháinig ar mheánphraghsanna díola aonaid ualaithe de chuid tháirgeoirí an Aontais le custaiméirí neamhchomhlachaithe san Aontas agus ar a gcuid costas táirgthe le linn na tréimhse faoi bhreathnú:

Tábla 7

Praghsanna díola san Aontas agus Costas táirgthe

	2020	2021	2022	Tréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe
Meánphraghas díola aonaid ualaithe san Aontas (EUR/tona)	928	1 863	3 196	1 498
Innéacs (2020 = 100)	*100*	*201*	*344*	*161*
Costas aonaid an táirgthe (EUR/tona)	906	1 611	3 173	3 069
Innéacs (2020 = 100)	*100*	*178*	*350*	*339*

Foinse: Táirgeoirí sampláilte de chuid an Aontais

(119) D'fhás costas aonaid an táirgthe go mór go leibhéal a bhí cothrom le 250 % in 2022 agus le linn thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe bhí sé fós 239 % os cionn an leibhéil a taifeadadh in 2020. Ba é an méadú mór ar phraghsanna gáis a thosaigh ó 2021 ar aghaidh ba chúis go príomha leis an méadú géar ar chostas an táirgthe.

(120) Lean praghsanna díola treocht chomhchosúil go dtí 2022, nuair a shroich siad leibhéal a bhí 244 % os cionn leibhéal 2020. Le linn thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe, tháinig laghdú níos mó ná a leath ar phraghsanna díola, i gcomparáid le 2022. In aighneacht a comhdaíodh an 23 Lúnasa 2024, ([37]) chuir na hiarratasóirí i dtábhacht gur thit méid díolachán thionscal an Aontais go leibhéil neamh-inbhuanaithe i gcomparáid le boinn chostais a mhéadaigh go suntasach le linn thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe.

3.3.5.6. Fostaíocht agus táirgiúlacht

(121) Is é seo a leanas an fhorbairt a tháinig ar fhostaíocht, ar tháirgiúlacht agus ar mheánchostais saothair tháirgeoirí an Aontais le linn na tréimhse faoi bhreathnú:

Tábla 8

An fhostaíocht agus an táirgiúlacht

	2020	2021	2022	Tréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe
An líon fostaithe	632	642	613	582
Innéacs (2020 = 100)	*100*	*102*	*97*	*92*
Táirgiúlacht saothair (tona/fostaí)	524	508	347	231
Innéacs (2020 = 100)	*100*	*97*	*66*	*44*
Meánchostais saothair in aghaidh an fhostaí	73 491	77 431	86 835	90 642
Innéacs (2020 = 100)	*100*	*105*	*118*	*123*

Foinse: Iarratasóirí, Táirgeoirí sampláilte de chuid an Aontais

(122) Tháinig laghdú níos mó ná 9 % ar an líon fostaithe ó 2021 go dtí tréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe, toisc gur thosaigh tionscal an Aontais ag laghdú an lucht saothair mar gheall ar staid dhíobhálach sa mhargadh.

(123) Tháinig laghdú 56 % ar tháirgiúlacht saothair le linn na tréimhse faoi bhreathnú i gcomhréir leis an titim ghéar ar tháirgeacht (féach tábla 5).

(124) Tháinig méadú 23 % ar na meánchostais saothair le linn na tréimhse faoi bhreathnú, toisc gur cuireadh pá agus tuarastail in oiriúint don bhoilsciú agus don fhás a bhí ann roimhe sin.

3.3.5.7. Fardail

(125) Is é seo a leanas an fhorbairt a tháinig ar leibhéil stoic tháirgeoirí an Aontais le linn na tréimhse faoi bhreathnú:

Tábla 9

Fardail

	2020	2021	2022	Tréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe
Stoic dheiridh	12 151	5 372	32 163	13 336
Innéacs (2020 = 100)	*100*	*44*	*265*	*110*
Stoic dheiridh mar chéatadán den táirgeacht (%)	3,1	1,4	15,1	9,9
Innéacs (2020 = 100)	*100*	*45*	*488*	*320*

Foinse: Táirgeoirí sampláilte de chuid an Aontais

([37]) t24.007253.

(126) Bhí éagsúlú nach beag i leibhéil na stoc le linn na tréimhse faoi bhreathnú. In 2021, bhí an leibhéal 56 % os cionn an leibhéil a bhí ann in 2020. In 2022, bhí an leibhéal 165 % os cionn an leibhéil a bhí ann in 2020. Tháinig méadú faoi chúig, nach mór, ar an stoc deiridh mar chéatadán den táirgeacht idir 2020 agus 2022 agus tháinig méadú os cionn trí oiread air idir 2020 agus tréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe. Is tásc breise é sin go raibh na deacrachtaí i dtionscal an Aontais ag méadú faoi dheireadh na tréimhse faoi bhreathnú ó thaobh a tháirgeacht a dhíol toisc go raibh na hallmhairí ón tSín ag méadú go mór.

3.3.5.8. Brabúsacht, sreabhadh airgid, infheistíochtaí, an toradh ar infheistíochtaí agus an cumas caipiteal a chruinniú

(127) Is é seo a leanas an fhorbairt a tháinig ar bhrabúsacht, sreabhadh airgid, infheistíochtaí agus an toradh ar infheistíochtaí ag táirgeoirí an Aontais le linn na tréimhse faoi bhreathnú:

Tábla 10

Brabúsacht, sreabhadh airgid, infheistíochtaí agus toradh ar infheistíochtaí

	2020	2021	2022	Tréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe
Brabúsacht díolachán san Aontas le custaiméirí neamhchomhlachaithe (%)	– 4,1	12,3	– 5,6	– 100,1
Innéacs (2020 = 100)	*- 100*	*298*	*- 136*	*- 2 427*
Sreabhadh airgid	12 158 042	95 868 270	- 10 678 921	- 118 092 691
Innéacs (2020 = 100)	*100*	*789*	*- 88*	*- 971*
Infheistíochtaí	25 704 881	32 880 347	46 905 512	75 538 271
Innéacs (2020 = 100)	*100*	*128*	*182*	*294*
Toradh ar infheistíochtaí	– 10,2 %	46,2 %	– 7,4 %	– 94,6 %
Innéacs (2020 = 100)	*- 100*	*455*	*- 73*	*- 930*

Foinse: Táirgeoirí sampláilte de chuid an Aontais

(128) Shuigh an Coimisiún brabús na dtáirgeoirí sampláilte san Aontas trí ghlanbhrabús roimh cháin óna dhíolacháin mhealaimín le custaiméirí neamhchomhlachaithe san Aontas a shloinneadh mar chéatadán de láimhdeachas na ndíolachán foluiteach. Níor bhain tionscal an Aontais brabús amach ach in 2021, ag 12,3 %. In 2020 agus 2022, bhain caillteanas leis na díolacháin fholuiteacha, agus iad ag rátaí –4,1 % agus –5,6 % faoi seach. Le linn thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe, ba é –100,1 % an caillteanas.

(129) Is ionann an glansreabhadh airgid agus cumas tháirgeoirí an Aontais a ngníomhaíochtaí a fhéinmhaoiniú. Bhí forbairt an tsreafa airgid dearfach in 2021. In 2022 agus i dtréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe, ghin tionscal an Aontais sreabhadh airgid diúltach ag leanúint treocht na brabúsachta diúltaí.

(130) Tháinig méadú 194 % ar leibhéal infheistíochta thionscal an Aontais le linn na tréimhse faoi bhreathnú. De réir thorthaí an imscrúdaithe, bhain na hinfheistíochtaí beagnach go heisiach le hathsholáthar sócmhainní a bhí dímheasta agus caite go hiomlán. Is de thaisme a bhí na hinfheistíochtaí sin comhchruinnithe i dtréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe. Thairis sin, bhí na hinfheistíochtaí sách beag i gcomhréir le táscairí eile, amhail luachanna iomlána na ndíolachán. Dá bhrí sin, ní mheasann an Coimisiún go bhfuil an táscaire seo an-fhóinteach don chás áirithe seo.

(131) Is é an toradh ar infheistíochtaí an brabús i gcéatadán de ghlanluach na n-infheistíochtaí de réir na leabhar, agus lean an treocht na rátaí brabúsachta a ndearnadh anailís orthu.

3.3.5.9. Conclúid maidir le staid thionscal an Aontais

(132) I gcomhthéacs costas táirgthe a bheith ag méadú agus luaineacht praghsanna a bheith ag méadú, chaill tionscal an Aontais sciartha suntasacha den mhargadh ina aghaidh na Síne le linn na tréimhse faoi bhreathnú. D'ardaigh méideanna allmhairí na Síne go mór agus tháinig siad isteach i margadh an Aontais ar phraghsanna a rinne sladghearradh suntasach ar phraghsanna thionscal an Aontais. I gcoinne brú den sórt sin, ní raibh tionscal an Aontais in ann an costas méadaithe táirgthe a chur ar aghaidh chuig a phraghsanna díola agus bhain caillteanais mhóra dó ina dhiaidh sin ar leibhéil nach bhfacthas a leithéid riamh roimhe seo agus nach raibh inbhuanaithe.

(133) Go bunúsach, léirigh gach táscaire díobhála, amhail táirgeacht, rátaí úsáide acmhainneachta, méideanna díolachán, praghsanna díola aonaid, sciartha den mhargadh, brabúsacht agus sreabhadh airgid treochtaí an-diúltach le linn na tréimhse faoi bhreathnú.

(134) Ar bhonn a bhfuil thuas, mheas an Coimisiún sa deireadh gur bhain díobháil ábhartha do thionscal an Aontais de réir bhrí Airteagal 3(1) den bhun-Rialachán le linn na tréimhse faoi bhreathnú.

3.3.6. *Cúisíocht*

(135) Tar éis don Choimisiún teacht ar an gconclúid gur bhain díobháil ábhartha do thionscal an Aontais agus ag tagairt d'aithris (27), scrúdaigh sé an raibh an t-íosphraghas allmhairiúcháin agus an dleacht sheasta is infheidhme ina gcúis le díobháil thromchúiseach mharthanach do thionscal an Aontais.

(136) Mar chéad chéim, mheabhraigh an Coimisiún go bhfuil dearadh an íosphraghais allmhairiúcháin de chineál a fhágann, a luaithe a shroicheann na praghsanna leibhéil atá go maith os cionn an íosphraghais allmhairiúcháin, go bhféadfaidh táirgeoirí onnmhairiúcháin méideanna beagnach neamhtheoranta den táirge lena mbaineann a onnmhairiú gan aon dleacht frithdhumpála a bheith orthu san Aontas. Bhí an cás sin fíor in 2022 agus i dtréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe, nuair a bhí praghsanna margaidh ag sroicheadh na leibhéal sin (féach tábla 2 agus aithrisí (97) agus (98)).

(137) Mar dhara céim, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid go ndearna allmhairí dumpáilte ón tSín díobháil ábhartha do thionscal an Aontais. Go deimhin, tháinig méadú as cuimse ar na hallmhairí sin, is é sin 8013 % le linn na tréimhse faoi bhreathnú (féach tábla 2) as ar eascair méadú suntasach ar sciartha den mhargadh, is é sin ó 0,3 % in 2020 go 29,2 % le linn thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe, rud a bhí chun dochair do thionscal an Aontais a chaill sciartha den mhargadh, ó 79,9 % go 48,6 % le linn na tréimhse céanna. Thairis sin, rinneadh na hallmhairí ón tSín ar phraghsanna a bhí ag laghdú (féach tábla 3, ó 2022 go dtí tréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe) agus ar phraghsanna sladghearrtha (féach aithris (102)), ar chúis le díobháil ábhartha do thionscal an Aontais. Chuir siad brú suntasach praghsanna ar phraghsanna thionscal an Aontais freisin. Go deimhin, ó bhí 2021 ann, tá siad go mór faoi bhun phraghsanna thionscal an Aontais agus, níos tábhachtaí fós, ó bhí 2022 ann, tá siad faoi bhun chostas táirgthe thionscal an Aontais. Mar gheall ar an sochtadh praghsanna a breathnaíodh, ní raibh tionscal an Aontais in ann a phraghsanna a mhéadú le linn thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe i gcomhréir leis an méadú ar a chostais agus bhí caillteanais shuntasacha mar thoradh air sin. Chuir tosca eile, amhail praghsanna gáis, arbh iad an phríomhchúis le hardú ar chostais táirgthe thar phraghsanna díola (féach sonraí thábla 7 le haghaidh 2022 agus thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe) leis an díobháil sin freisin ach níor mhaolaigh siad an nasc cúisíoch a suíodh. Tháinig méadú 13 % ar an sciar den mhargadh a bhí ag méid iomlán na n-allmhairí ó thríú tíortha le linn na tréimhse faoi bhreathnú (féach tábla 4), rud atá beag bídeach i gcomparáid leis an méadú os cionn ochtó oiread ar allmhairí Síneacha sa tréimhse chéanna (féach tábla 2). Ar an gcaoi chéanna, bhí méid iomlán na n-allmhairí ó thríú tíortha eile beagnach EUR 200 in aghaidh an tona níos costasaí ná allmhairí Síneacha ar an meán le linn thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe. Dá bhrí sin, níor mhaolaigh allmhairí ó thríú tíortha an nasc cúisíoch a suíodh idir na hallmhairí ón tSín agus an díobháil ábhartha do thionscal an Aontais.

(138) Tar éis an nochta, mhaígh CCCMC gurbh iad imthosca eisceachtúla mhargadh inmheánach an Aontais a tharla sa dara leath de 2022 agus in 2023, seachas na hallmhairí ón tSín, an phríomhchúis nach bhféadfadh táirgeoirí an Aontais a bpraghsanna a ardú níos airde chun a gcostais táirgthe a chumhdach agus a mbrabúsacht a choinneáil ar bun.

(139) Dhiúltaigh an Coimisiún don mhaíomh sin. Léiríodh san imscrúdú go raibh tionscal an Aontais in ann praghsanna a mhéadú sa bhliain 2021, agus go pointe áirithe fós in 2022, i gcomhréir leis an gcostas táirgthe méadaithe tráth a bhí allmhairí na Síne ag teacht isteach sa mhargadh ar phraghsanna allmhairiúcháin EUR 1 627 agus EUR 1 990 in aghaidh an tona. Ach ba le linn thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe, nuair a thit praghsanna allmhairiúcháin go EUR 1 361 in aghaidh an tona, nach raibh tionscal an Aontais in ann díol ar phraghsanna a chumhdódh a chostas a thuilleadh. Léirigh sé sin go soiléir nár bhain na bearta an éifeacht a bhí beartaithe leo amach toisc gurbh iad na hallmhairí ón tSín ar phraghas saor agus ar mhéideanna méadaithe an phríomhchúis díobhála do thionscal an Aontais.

(140) Dá bhrí sin, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid gur lig dearadh an íosphraghais allmhairiúcháin go bunúsach do tháirgeoirí na Síne méideanna onnmhairiúcháin a mhéadú ar phraghsanna íslithe, rud a rinne díobháil ábhartha do thionscal an Aontais.

3.4. **Leas na n-allmhaireoirí neamhchomhlachaithe agus na n-úsáideoirí**

(141) Cuireadh gach allmhaireoir neamhchomhlachaithe agus úsáideoir ar an eolas faoi thionscnamh an athbhreithnithe.

(142) Fuair an Coimisiún freagra ceistneora ó allmhaireoir neamhchomhlachaithe amháin, ach dhiúltaigh an páirtí sin leagan neamhrúnda dá fhreagra a sholáthar. Dá bhrí sin, níorbh fhéidir anailís a dhéanamh ar an bhfaisnéis a soláthraíodh.

(143) Thug trí úsáideoir agus Grúpa Unilin (ina raibh dhá úsáideoir) freagraí ar an gceistneoir. Níor dhearna trí úsáideoir leaganacha oscailte fóinteacha dá bhfreagraí ceistneora a chur isteach agus dá bhrí sin níorbh fhéidir anailís a dhéanamh ar na haighneachtaí sin. Is é Grúpa Unilin amháin a lean de bheith ag comhoibriú le linn an imscrúdaithe, lena n-áirítear fíorú ar an láthair a cheadú ag a n-áitreabh (mar a mhínítear in aithris (18) thuas).

(144) Mhaígh Grúpa Unilin, áfach, nach bhféadfadh sé leagan iomlán neamhrúnda dá n-aighneachtaí a chur isteach toisc, ó thaobh na hiomaíochta de, nach raibh sé compordach faisnéis áirithe a thaispeáint do lucht féachana níos leithne. Dá bhrí sin, d'agair Grúpa Unilin 'imthosca eisceachtúla' i bhfianaise Airteagal 19(2) den bhun-Rialachán. Thug an Coimisiún dá aire maíomh Ghrúpa Unilin. Bunaithe ar an bhfaisnéis a cuireadh ar fáil, ní fhéadfadh sé ach a shuí nach raibh ceannacháin Ghrúpa Unilin ó thionscal an Aontais agus a allmhairí ón tSín ionadaíoch d'earnáil na n-úsáideoirí ina hiomláine agus nach ndéanfaí dochar míchuí don pháirtí lena mbaineann dá n-athrófaí foirm na mbeart.

(145) Tar éis an nochta, chuir EPF in iúl go raibh imní air faoin measúnú a rinne an Coimisiún ar leas na n-úsáideoirí, toisc gur chosúil nach raibh sé ag brath ach ar an dá fhreagra ar an gceistneoir a chuir Grúpa Unilin isteach. Dúirt EPF freisin gur tháinig méadú ollmhór ar an difreálach idir painéil amha agus painéil bhrataithe mar thoradh ar chostais mhealaimín a bheith ag dul i méid idir mí na Samhna 2022 agus mí na Samhna 2023, ó 30-50 % ar an meán go dtí 60-124 %.

(146) Shoiléirigh an Coimisiún nach féidir leis brath ina mheasúnú ach ar shonraí infhíoraithe arna soláthar ag páirtithe leasmhara comhoibríocha. Rinneadh teagmháil le thart ar 80 úsáideoir agus cuireadh ar an eolas iad faoin athbhreithniú nuair a tionscnaíodh é. Faoi dheireadh, ba iad na sonraí a chuir Grúpa Unilin ar fáil an t-aon aighneacht infhíoraithe ó úsáideoir a bhí ar fáil don Choimisiún. Níor leathnaigh an Coimisiún an chonclúid ar tháinig sé uirthi maidir le Unilin chuig gach úsáideoir, ach, in éagmais úsáideoirí comhoibríocha eile, ní raibh aon fhaisnéis eile ar fáil dó le haghaidh anailíse.

(147) Thairis sin, meastar i leith cur chuige EPF maidir le costais ionchuir mealaimín a asbhaint ó dhifreálach praghsanna na dtáirgí aschuir, go bhfuil sé lochtach. Is féidir difreálacha praghais a chur i leith cúiseanna éagsúla eile, amhail dearcadh custaiméirí etc., ach ní gá go gcuirfí i leith méadú ar eilimint chostais nó i leith an méadú sin amháin iad.

(148) Tar éis an t-imeacht a thionscnamh, chuir EPF in iúl go raibh láimhdeachas de níos mó ná EUR 500 billiún in aghaidh na bliana ag tionscail adhmadóireachta na hEorpa agus gur sholáthair siad 4 mhilliún post díreach san Aontas. Agus é ag seasamh do 9 % den láimhdeachas sin, bhí ról lárnach ag tionscal na bphainéal trí luach a thabhairt d'fhothairgí ó bhuaint agus ó phróiseáil adhmaid, agus é ag cur táirgí ardchaighdeáin, éadroma agus inacmhainne ar fáil d'earnálacha an troscáin agus na tógála. Dá bhrí sin, bheadh tionchar diúltach ag aon athrú ar fhoirm na mbeart ar i bhfad níos mó fostaithe (na fostaithe sin de chuid táirgeoirí painéal adhmadbhunaithe san Aontas agus a slabhra luacha úsáideoirí iartheachtacha) ná mar a rachadh sé chun tairbhe d'fhostaithe tháirgeoirí mealaimín an Aontais.

(149) Mheas an Coimisiún nár léirigh EPF cén chuid den láimhdeachas bliantúil líomhnaithe a bhain le díolacháin táirgí ina bhfuil mealaimín, cé chomh hábhartha agus a bhí an costas mealaimín sna táirgí sin, agus cé mhéad post a rannchuidigh le táirgí den sórt sin a tháirgeadh agus a dhíol. Dá bhrí sin, níorbh fhéidir tionchar an athraithe ar fhoirm an bhirt a chinneadh agus dá bhrí sin, dhiúltaigh sé don mhaíomh.

(150) Tar éis an nochta, ríomh EPF go raibh baint ag thart ar 650 000 post i dtionscal na bpainéal adhmadbhunaithe agus in earnálacha gaolmhara ar fud an tslabhra soláthair le húsáid mealaimín agus go mbeadh na poist sin go léir faoi bhagairt shuntasach dá n-athrófaí foirm na mbeart. Dhiúltaigh an Coimisiún don mhaíomh, toisc nár thug EPF bunús leis an bhfáth go ndéanfadh dleachtanna *ad valorem* ar amhábhar amháin ó thír shonrach amháin dochar do na hearnálacha eacnamaíocha sin, seachas dleacht sheasta agus íosphraghas allmhairiúcháin.

(151) Mhaígh EPLF nach bhféadfadh táirgeoirí onnmhairiúcháin de chuid na Síne atá faoi réir na dleachta seasta EUR 415 in aghaidh an tona onnmhairiú chuig an Aontas toisc go raibh an dleacht sin toirmeascach agus nach raibh acmhainneacht iomlán na dtrí tháirgeoir de chuid na Síne atá faoi réir íosphraghas allmhairiúcháin níos mó ná 300 000 tona, rud nár leor chun soláthar a dhéanamh do mhargadh na hEorpa. Líomhain EPLF thairis sin nach mbeadh úsáideoirí an Aontais in ann brath ar tháirgeacht mealaimín na hEorpa amháin, go háirithe nuair a thiocfadh borradh faoin margadh.

(152) Dhiúltaigh an Coimisiún do na maímh sin a rinne EPLF. Ní raibh an tomhaltas riamh níos airde ná thart ar 430 000 tona in aghaidh na bliana. Mar shampla, in 2021, 427 185 thona a bhí i gceist leis. Agus acmhainneacht níos mó ná 476 000 tona aige (a tugadh faoi deara le linn thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe, féach tábla 5), is cinnte go mbeadh tionscal an Aontais in ann an tomhaltas sin a chumhdach ina aonar.

(153) Dúirt EPLF freisin go raibh ar a gcomhaltaí aghaidh a thabhairt ar iomaíocht níos láidre ón Tuirc toisc go bhféadfadh táirgeoirí lannáin na Tuirce leanúint de mhealaimín a allmhairiú ón tSín gan dleachtanna frithdhumpála a íoc agus, dá bhrí sin, costais níos ísle ná táirgeoirí lannáin an Aontais a íoc.

(154) Níor chuir EPLF aon fhianaise ar fáil chun tacú leis na líomhaintí maidir leis an iomaíocht níos láidre ón Tuirc. Thairis sin, ní raibh aon chomhartha ann go ndéanfadh athrú ar fhoirm na mbeart dochar míchuí d'úsáideoirí i gcoitinne (féach freisin aithris (144)). Dhiúltaigh an Coimisiún don mhaíomh sin dá bhrí sin.

(155) Mhaígh SGE, dá n-athrófaí foirm an bhirt frithdhumpála go dleachtanna *ad valorem*, go bhfágfadh sin go mbeadh méadú mór ar an gcostas a bhaineann leis an táirge faoi athbhreithniú a allmhairiú ón tSín mar gheall ar na dleachtrátaí ba thoradh ar an athrú ar dhleachtanna. Níos measa fós, d'fhéadfadh rátaí arda den sórt sin onnmhaireoirí Síneacha a fhágáil neamhiomaíoch, rud a d'fhéadfadh iallach a chur orthu tarraingt siar ó mhargadh an Aontais. D'fhágfadh sé sin go mbeadh roghanna foinsithe teoranta ag allmhaireoirí agus úsáideoirí an Aontais, ó na hiarratasóirí go príomha, rud a d'fhágfadh nach mbeadh margadh an Aontais chomh hiomaíoch céanna. Bheadh an slabhra soláthair éagothrom, agus is dócha go n-ardódh praghsanna ceannaigh mealaimín go suntasach.

(156) Dhiúltaigh an Coimisiún don mhaíomh sin. D'admhaigh an Coimisiún gur dócha go dtiocfaidh méadú ar phraghsanna margaidh mealaimín toisc go raibh na praghsanna a breathnaíodh i dtréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe neamh-inbhuanaithe do thionscal an Aontais agus nach raibh na bearta i bhfoirm íosphraghais allmhairiúcháin agus dleachta seasta ag cosaint thionscal an Aontais go leordhóthanach ar chleachtais éagóracha trádála na dtáirgeoirí onnmhairiúcháin, rud a d'ísligh a phraghsanna díola go mór (féach Tábla 7). Mheas an Coimisiún freisin, áfach, agus dleachtanna *ad valorem* i bhfeidhm idir 12 % agus 65,2 % ag brath ar an leibhéal dumpála atá leagtha síos, go mbeidh úsáideoirí in ann mealaimín Síneach a cheannach ar an iomlán ar phraghsanna lena n-áirítear dleachtanna atá ar comhchéim le praghsanna díolacháin tháirgeoirí an Aontais. Ina theannta sin, is féidir le húsáideoirí táirgí a fhoinsiú ó thíortha eile lasmuigh den Aontas freisin, mar a rinne siad le linn na tréimhse faoi bhreathnú (féach Tábla 4).

(157) Tar éis an nochta, thug EPF le fios go raibh acmhainneacht táirgeachta theoranta sa tSín. De réir EPF, shroich onnmhairí na Síne chuig an Aontas buaicphointe in 2022, rud a chiallaíonn nach dócha go sáróidh siad an chainníocht a tugadh faoi deara an bhliain sin.

(158) Thug an Coimisiún dá aire nár chuir EPF sonraí cuí-réasúnaithe ar fáil maidir leis na hacmhainneachtaí iarbhír agus breise sa tSín. In aon chás, bhí cainníocht onnmhairí na Síne chuig an Aontas in 2022 agus i dtréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe an-díobhálach cheana féin do thionscal an Aontais, mar a léirítear go maith leis na figiúirí brabúsachta i dTábla 10.

(159) Fuair an Coimisiún barúlacha freisin tar éis an nochta ó KRP, úsáideoir mealaimín a chláraigh mar pháirtí leasmhar, ach nár chuir freagra ar an gceistneoir isteach.

(160) Mhaígh KRP gur áirithíodh iomaíocht chóir leis an íosphraghas allmhairiúcháin trí bhonnphraghas a sholáthar. Chuir sé ar chumas tháirgeoirí an Aontais brabúis a bhaint amach agus a áirithiú ag an am céanna go raibh rochtain ag úsáideoirí ar sholáthairtí cobhsaí inacmhainne. Dá bhrí sin, bhí sé chun leas an Aontais an t-íosphraghas allmhairiúcháin a choinneáil ar bun de réir KRP. Mhaígh KRP thairis sin dá gcuirfí dleachtanna *ad valorem* in ionad an bhirt atá ann faoi láthair, go mbeadh costais mealaimín i bhfad níos airde air, rud a d'fhágfadh go dtiocfadh méadú suntasach ar chostais táirgthe. Chreimfeadh sé sin a iomaíochas ní hamháin sa mhargadh intíre ach i margaí idirnáisiúnta freisin, rud a chuirfeadh a ghnó i mbaol.

(161) Níor thug KPR bunús le haon cheann de na maímh a cuireadh isteach, agus dá bhrí sin diúltaíodh don dá mhaíomh.

(162) In éagmais tuilleadh comhair ó úsáideoirí agus ó chomhlachais úsáideoirí, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid nach ndéanfadh athrú ar fhoirm na mbeart dochar míchuí d'úsáideoirí.

(163) Dá bhrí sin, ba é conclúid an Choimisiúin nach raibh aon chomhartha ann a léireodh, maidir leis an athrú atá beartaithe ar fhoirm na mbeart, go mbeadh tionchar diúltach aige ar na húsáideoirí agus/nó ar na hallmhaireoirí dá gcoinneofaí ar bun iad, ar mhó é ná tionchar dearfach na mbeart.

3.5. **An chonclúid maidir le leas an Aontais**

(164) Ar bhonn an mhéid thuas, chinn an Coimisiún nach raibh aon chúis láidir ann lena léiriú nach chun leas an Aontais é foirm na mbeart a athrú maidir le hallmhairí mealaimín de thionscnamh na Síne.

(165) De réir na conclúide ar thángthas uirthi in aithris (134), bhain díobháil ábhartha do thionscal an Aontais le linn thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe. Dá bhrí sin, níl foirm reatha na mbeart leordhóthanach a thuilleadh chun tionscal an Aontais a chosaint ar allmhairí ón tSín, a tháinig isteach i margadh an Aontais ar mhéideanna arda nach bhfacthas a leithéid riamh roimhe seo agus ar phraghsanna sladghearrtha.

4. **BEARTA FRITHDHUMPÁLA**

4.1. **Ceangal idir díobháil agus imthosca athraithe**

(166) I bhfianaise na n-athruithe measúnaithe ar imthosca, foirm reatha na mbeart, arb é atá i gceist leo maidir le níos mó ná 80 % de na hallmhairí uile ón tSín le linn thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe, dleacht bunaithe ar íosphraghas allmhairiúcháin EUR 1 153/tona, i.e. níor toibhíodh aon dleacht, agus arb é atá i gceist leo dleacht sheasta EUR 415/tona i gcás na n-allmhairí eile,, ní féidir leis na mbearta sin an díobháil ábhartha arna suí a bhain do thionscal an Aontais agus arbh iad allmhairí na Síne ba chúis léi a leigheas a thuilleadh. Go háirithe, ní raibh an t-íosphraghas allmhairiúcháin in ann an sladghearradh suntasach (féach aithris (102)) agus an t-ísliú praghsanna a aimsíodh le linn thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe a leigheas.

(167) Thángthas ar an gconclúid sa dá athbhreithniú éaga roimhe seo nach raibh díobháil á déanamh do thionscal an Aontais a thuilleadh i bhfianaise na cosanta éifeachtúla a bhí á cur ar fáil leis na bearta atá ann faoi láthair (féach aithris (128) de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2017/1171 agus aithris (277) de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/1776). Os a choinne sin, faoin bpáirt-athbhreithniú eatramhach seo, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid nár leor na bearta ina bhfoirm reatha a thuilleadh chun gníomhú in aghaidh na dumpála is cúis le díobháil.

(168) Ó 2020 i leith, tháinig méadú suntasach ar luaineacht praghsanna mealaimín mar aon le luaineacht praghsanna gáis, ar príomhionchur é chun mealaimín a tháirgeadh. Ag amanna áirithe, shroich praghsanna mealaimín leibhéil thar a bheith ard nach bhfacthas a leithéid ar a laghad ó rinneadh an t-imscrúdú bunaidh. Tar éis na leibhéil arda sin a bhaint amach, thit praghsanna go tapa mar gheall ar na méideanna allmhairí a bhí ag méadú go mór ar phraghsanna níos ísle ón tSín. Chuir sé sin iallach ar thionscal an Aontais díol ar phraghsanna a bhí go mór faoi bhun a chostais.

(169) Dá bhrí sin, ní fhéadfadh foirm na mbeart an chosaint a thug sí sna tréimhsí a imscrúdaíodh in athbhreithnithe éaga roimhe seo a sholáthar a thuilleadh, cosaint ar leor í chun foscadh a thabhairt do thionscal an Aontais ó dhíobháil. Dhíol táirgeoirí na Síne onnmhairí leis an Aontas ar phraghsanna a ghearr faoi phraghsanna díola thionscal an Aontais ach a sháraigh an t-íosphraghas allmhairiúcháin is infheidhme an tráth céanna agus, ó tharla sin amhlaidh, ní raibh na honnmhairí sin faoi dhliteanas dleachtanna frithdhumpála.

(170) Dá bhrí sin, bhí sé d'éifeacht ag na himthosca athraithe go ndearnadh díobháil arís agus gur fhág siad foirm na mbeart neamhéifeachtúil chun tionscal an Aontais a chosaint ar allmhairí ar phraghsanna sladghearrtha.

4.2. **Athrú ar fhoirm na mbeart**

(171) Ar bhonn na gconclúidí thuas agus, go háirithe, na gconclúidí maidir le díobháil ábhartha a bheith déanta do thionscal an Aontais, na hathruithe ar imthosca i gcomparáid leis an imscrúdú bunaidh agus cineál marthanach na n-athruithe sin, agus maidir le leas an Aontais, mheas an Coimisiún nach leor a thuilleadh foirm reatha na mbeart frithdhumpála ar mhealaimín de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne chun deireadh a chur leis an díobháil arb iad allmhairí dumpáilte is cúis léi.

(172) Dá bhrí sin, chinn an Coimisiún na dleachtanna *ad valorem* a athbhunú do na cuideachtaí ar fad.

(173) Tar éis an nochta, mhaígh SGE agus KRP go raibh athbhunú na ndleachtanna *ad valorem* a socraíodh níos mó ná deich mbliana ó shin éagórach. Chreid siad, dá dtiocfadh athrú ar na himthosca faoinar tugadh isteach an t-íosphraghas allmhairiúcháin ar dtús, go mbeadh na himthosca bunaidh céanna sin imithe i léig freisin maidir leis na dleachtanna *ad valorem* a fhorchur. Thairis sin, ríomhadh cuid de na dleachtanna *ad valorem* a bhí le hathbhunú bunaithe ar shonraí ó 2009, agus ní raibh ach ceann amháin bunaithe ar shonraí ó 2022. Dá bhrí sin, bhí athbhunú na ndleachtanna *ad valorem* éagórach do tháirgeoirí onnmhairiúcháin na Síne ar ríomhadh a dleachtrátaí ar bhonn sonraí ón imscrúdú bunaidh atá imithe i léig agus atá as ord le dálaí reatha an mhargaidh.

(174) Mheas an Coimisiún gur maímh gan bhunús a bhí iontu sin. Is éard atá i ndleachtanna *ad valorem* an fhoirm chaighdeánach de bheart frithdhumpála a úsáideann an Coimisiún agus bearta á bhforchur aige tar éis imscrúdú. Chun foirmeacha beart eile a fhorchur, is iondúil go n-éilítear bonn cirt speisialta sna rialacháin cur chun feidhme ar leith atá i gceist ach ní rud é sin a éilítear i gcás forchur dleachtanna *ad valorem*. Sa Rialachán seo, tá réasúnú leordhóthanach déanta ag an gCoimisiún ar na himthosca ba chúis le forchur eisceachtúil dleachtanna bunaithe ar íosphraghsanna faoin rialachán bunaidh, imthosca nach ann dóibh a thuilleadh.

(175) Ar an gcaoi chéanna, mheabhraigh an Coimisiún gur leasaigh Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/2653, lenar sannadh dleacht frithdhumpála *ad valorem* 12 % do Xinjiang, na bearta atá ann faoi láthair. Faoi raon feidhme an athbhreithnithe eatramhaigh seo, tá oibleagáid dhlíthiúil ar an gCoimisiún athbhreithniú a dhéanamh ar na bearta uile atá ann faoi láthair lena n-áirítear aon leasú amhail an ceann a rinneadh faoi Rialachán Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/2653. Dá bhrí sin, ní féidir leis déileáil leis an mbeart leasaithe a fhorchuirtear faoi Rialachán Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/2653 ar bhealach difriúil leis na bearta bunaidh.

(176) Mhol SGE agus KRP coigeartú a dhéanamh ar an íosphraghas allmhairiúcháin ó 1 153 EUR/tona go raon ó 1 300 go EUR 1 400/tona, bunaithe ar na sonraí spotphraghsanna is déanaí a bhailigh agus a d'fhoilsigh Independent Commodity Intelligence Services [Seirbhísí Faisnéise Tráchtearraí Neamhspleácha] (ICIS ([38])). Bunaítear an raon praghsanna beartaithe sin ar an meánphraghas mealaimín le haghaidh na tréimhse ó mhí Iúil 2024 go dtí mí na Nollag 2024, mar a thuairiscigh ICIS. In éisteacht tar éis an nochta, shonraigh SGE, faoin scéim um íosphraghas allmhairiúcháin atá beartaithe, go ndéanfaí praghsanna a choigeartú go leanúnach bunaithe ar na sonraí ICIS a luadh. Sa chomhthéacs sin, mheas SGE gur fasach a bhí ábhartha don imscrúdú reatha é Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2015/82 ón gCoimisiún ([39]).

(177) Mheabhraigh an Coimisiún go raibh an t-athbhreithniú eatramhach seo teoranta d'fhoirm na mbeart. Is éard a bhí i gceist leis an togra ó SGE agus KRP, áfach, leasú ar leibhéal na mbeart, go sonrach ó leibhéal an íosphraghas allmhairiúcháin de 1 153 EUR/tona go EUR 1 300 ar a laghad in aghaidh an tona. Thairis sin, mheas an Coimisiún go raibh tagairt SGE do Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2015/82 lochtach, ós rud é nach amháin gur dhéileáil an Rialachán sin le páirt-athbhreithniú eatramhach a bhí teoranta do scrúdú a dhéanamh ar fhoirm na mbeart (féach an tríú fleasc d'aithris (8) den Rialachán sin) ach le páirt-athbhreithniú eatramhach a bhí teoranta do dhíobháil freisin (féach an ceathrú fleasc d'aithris (8) den Rialachán sin). Mar a leagtar síos in aithris (181) den Rialachán sin, faoi chuimsiú an pháirt-athbhreithnithe eatramhaigh atá teoranta do dhíobháil, shuigh an Coimisiún praghas neamhdhíobhálach nua do thionscal an Aontais agus, ar an mbonn sin, íosphraghas allmhairiúcháin nua (ós rud é go raibh na bearta bunaithe ar dhíobháil). Ós rud é go bhfuil an páirt-athbhreithniú eatramhach seo teoranta d'fhoirm na mbeart, ní féidir leasú a dhéanamh ar leibhéal na mbeart. Dá bhrí sin, b'éigean diúltú do thograí SGE agus KRP.

([38]) Dar le SGE, is soláthraí faisnéise margaidh neamhspleách é ICIS a chuireann faisnéis ar thráchtearraí domhanda ar fáil. Úsáidtear ICIS go forleathan sa tionscal mealaimín domhanda agus tugann sé léiriú ar staid an mhargaidh mealaimín ina iomláine, i bhfíor-am, lena n-áirítear treochtaí praghsanna, treochtaí lastais, etc. Suíomh gréasáin ICIS: https://www.icis.com.

([39]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2015/82 ón gCoimisiún an 21 Eanáir 2015 lena bhforchuirtear dleacht frithdhumpála chinntitheach ar allmhairí aigéid chitrigh de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne tar éis athbhreithniú éaga de bhun Airteagal 11(2) de Rialachán (CE) Uimh. 1225/2009 ón gComhairle agus páirt-athbhreithnithe eatramhacha de bhun Airteagal 11(3) de Rialachán (CE) 1225/2009 (IO L 15, 22.1.2015, lch. 8, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2015/82/oj).

(178) Chun na rioscaí maidir le himchéimniú a íoslaghdú de bharr na difríochta i ndleachtrátaí, teastaíonn bearta speisialta chun cur i bhfeidhm na ndleachtrátaí aonair a áirithiú. Ní mór do na cuideachtaí atá faoi réir dleachtrátaí allmhairiúcháin aonair sonrasc tráchtála bailí a thíolacadh d'údaráis chustaim na mBallstát. Ní mór an sonrasc a bheith i gcomhréir leis na ceanglais a leagtar amach in Airteagal 1(3) den Rialachán seo. Ba cheart allmhairí nach mbíonn sonrasc ag gabháil leo a bheith faoi réir na dleachta frithdhumpála is infheidhme maidir le 'gach cuideachta eile'.

(179) Cé go bhfuil sé riachtanach an sonrasc sin a chur i láthair údaráis chustaim na mBallstát chun gur féidir leo na dleachtrátaí aonair a chur i bhfeidhm, ní hé an t-aon ghné é atá le cur san áireamh ag na húdaráis chustaim. Go deimhin, fiú má thugtar sonrasc d'údaráis chustaim na mBallstát a chomhlíonann na ceanglais uile a leagtar amach in Airteagal 1(3) den Rialachán seo, ní mór dóibh a ngnáthsheiceálacha a dhéanamh agus féadfaidh siad, mar atá i ngach cás eile, doiciméid bhreise a éileamh (doiciméid loingseoireachta, etc.) chun cruinneas na sonraí atá sa dearbhú a fhíorú agus chun a áirithiú go mbeidh údar le cur i bhfeidhm na ndleachtrátaí aonair ina dhiaidh sin, i gcomhréir leis an dlí custaim.

(180) Má thagann méadú suntasach ar an méid onnmhairí ó cheann de na cuideachtaí a thairbhíonn de na dleachtrátaí aonair tar éis fhorchur na mbeart lena mbaineann, d'fhéadfaí a mheas gurb éard atá i méadú den sórt sin ann féin athrú ar an bpatrún trádála de bharr fhorchur na mbeart de réir bhrí Airteagal 13(1) den bhun-Rialachán, nó de bharr athrú ar imthosca, de réir bhrí Airteagal 11(3) den bhun-Rialachán. Sna himthosca sin agus ar choinníoll go gcomhlíonfar na coinníollacha, féadfar imscrúdú frith-imchéimniúcháin nó imscrúdú athbhreithniúcháin eatramhaigh a thionscnamh. Féadfar scrúdú den sórt sin a dhéanamh san imscrúdú sin, *inter alia*, ar an ngá atá le deireadh a chur le dleachtrátaí aonair agus ar an ngá le dleacht ar an leibhéal náisiúnta a fhorchur dá bharr sin.

(181) Na dleachtrátaí aonair dá dtagraítear in Airteagal 1(2) den Rialachán seo, tá siad infheidhme go heisiach maidir le hallmhairí an táirge faoi athbhreithniú ar de thionscnamh na Síne é agus arna tháirgeadh ag na heintitis dhlítheanacha ainmnithe. Maidir le hallmhairí an táirge faoi athbhreithniú arna dtáirgeadh ag aon chuideachta eile nach luaitear go sonrach i gcuid oibríochtúil an Rialacháin seo, lena n-áirítear eintitis atá comhlachaithe leo siúd a luaitear go sonrach, ba cheart iad a bheith faoi réir an dleachtráta is infheidhme maidir le 'gach cuideachta eile'.

(182) Féadfaidh cuideachta a iarraidh go gcuirfear na dleachtrátaí aonair sin i bhfeidhm má athraíonn sí ainm a heintitis ina dhiaidh sin. Ní mór an iarraidh a chur faoi bhráid an Choimisiúin ([40]). Ní mór an fhaisnéis ábhartha uile a bheith san iarraidh chun a léiriú nach ndéantar difear leis an athrú do cheart na cuideachta tairbhiú den ráta dleachta is infheidhme maidir léi. Más amhlaidh nach ndéantar difear leis an athrú ar ainm na cuideachta do cheart na cuideachta tairbhiú den ráta dleachta is infheidhme maidir léi, foilseofar rialachán maidir leis an athrú ainm in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

(183) Tugadh fógra do gach páirtí leasmhar faoi na bunfhíorais agus na bunbhreithnithe ar ar a mbonn a bhí sé beartaithe a mholadh go n-athrófaí foirm na mbeart. Tugadh tréimhse áirithe do na páirtithe uile inarbh fhéidir leo aighneachtaí a thabhairt de bhun an nochta sin agus éisteacht os comhair an Choimisiúin agus/nó os comhair an Oifigigh Éisteachta in imeachtaí trádála a iarraidh. Cuireadh na haighneachtaí agus na barúlacha san áireamh mar is cuí.

(184) I bhfianaise Airteagal 109 de Rialachán (AE, Euratom) 2024/2509 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([41]), nuair a bheidh méid le haisíoc tar éis breithiúnas ó Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh, is é an t-ús is ceart a íoc an ráta a chuireann an Banc Ceannais Eorpach i bhfeidhm maidir lena phríomhoibríochtaí athmhaoinithe, arna bhfoilsiú i sraith C d'*Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* ar an gcéad lá féilire de gach mí.

(185) Thug an Coiste a bunaíodh le hAirteagal 15(1) de Rialachán (AE) 2016/1036 tuairim dhearfach uaidh,

([40]) An Coimisiún Eorpach, Ard-Stiúrthóireacht na Trádála, Stiúrthóireacht G, Rue de la Loi 170 / Wetstraat 170, 1040 Bruxelles/Brussel, BELGIQUE/BELGIË.

([41]) Rialachán (AE, Euratom) 2024/2509 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Meán Fómhair 2024 maidir leis na rialacha airgeadais is infheidhme maidir le buiséad ginearálta an Aontais (IO L, 2024/2509, 26.9.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2024/2509/oj).

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

1. Forchuirtear dleacht frithdhumpála chinntitheach ar allmhairí mealaimín, atá faoi láthair faoi chóid AC 2933 61 00 agus ar de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne iad.

2. Is mar a leanas a bheidh an dleachtráta frithdhumpála cinntitheach is infheidhme maidir leis an bpraghas glan, saor ag teorainn an Aontais, roimh dhleacht, atá ar na táirgí a bhfuil tuairisc orthu i mír 1 agus arna dtáirgeadh ag na cuideachtaí a liostaítear thíos:

Cuideachta	Dleacht frithdhumpála chinntitheach (%)	Cód breise TARIC
Xinjiang Xinlianxin Energy Chemical Co., Ltd	12,0	8 99B
Sichuan Golden-Elephant Sincerity Chemical Co., Ltd	44,9	A 986
Shandong Holitech Chemical Industry Co., Ltd	47,6	A 987
Henan Junhua Development Company Ltd	49,0	A 988
Gach allmhaire eile de thionscnamh na Síne	65,2	A 999

3. Beidh cur i bhfeidhm na ndleachtrátaí aonair a sonraíodh le haghaidh na gcuideachtaí a luaitear i mír 2 coinníollach ar shonrasc tráchtála bailí a chur faoi bhráid údaráis chustaim na mBallstát, ar a mbeidh dearbhú arna dhátú agus arna shíniú ag oifigeach de chuid an eintitis ag a mbeidh an sonrasc sin á eisiúint, a shainaithneofar lena ainm agus lena fheidhm, arna dhréachtú mar a leanas: 'Déanaimse, mise a bhfuil mo shíniú leis seo, a dheimhniú maidir le (méid) (an táirge lena mbaineann) a díoladh lena onnmhairiú chuig an Aontas Eorpach agus a chumhdaítear leis an sonrasc seo, gurbh é (ainm agus seoladh na cuideachta) (cód breise TARIC) a mhonaraigh é sa/i [tír lena mbaineann]. Dearbhaím gur iomlán agus gur ceart an fhaisnéis sa sonrasc seo.' Mura gcuirtear an sonrasc sin isteach, beidh feidhm ag an dleacht is infheidhme maidir le gach cuideachta eile.

Airteagal 2

Mura sonraítear a mhalairt, beidh feidhm leis na forálacha atá i bhfeidhm maidir le dleachtanna custaim.

Airteagal 3

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 18 Feabhra 2025.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN